

Pléaráca 2004

FOILSITHE AG PLÉARÁCA TEO AR ÓCÁID NA FÉILE

€2.50



Taispeántas *Charles V. Lamb RHA*

Leabharlann na Ceathrúin Ruaidhí
Agallamh le Laillí Lamb de Buitléar

- Comhairle Chonamara ● Pleanáil agus Teanga ● Tigh Mháille
- James Brendan Connolly ● An Ciorcal Scríbhneoirí Óga
- Séamus Jamesie ● Imeachtaí na Féile ● Na Firéin

RTÉ RAIDÍO NA GAELTACHTA

Stáisiún Náisiúnta na Bliana

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Liosta Buíochais

Eagarthóir:

Peigí Ní Chonghaile

Fógraíocht:

Meta Uí Mháille

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosáí a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Séamas Ó Cualáin, Donncha Ó hÉallaithe, Colm de Bhaldráithe, Seosamh Ó Cuaig, Pádraig Seoige, Máire Ní Chualáin, Gearóid Ó Murchú, Jackie Mac Donnacha, Séamus Jamesie Ó Flatharta, do scríbhneoirí óga Chiorcail agus do Khit Uí Fhlatharta, Frank a'Mháille agus Laillí Lamb as ucht agallaimh a dhéanamh.

Buíochas do gach duine a thug grianghrafanna.

Do Sheán Ó Mainnín agus Ciarán Ó Súilleabháin a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris. Do Europus a rinne an phrofáil. Do fhoireann Chló dóirí Lurgan agus Micheál Ó Braonáin.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Oibre na Féile:

Gearóid Ó Murchú
Meta Uí Mháille
Mairéad Ní Chualáin
Réamonn Ó Mainnín
Fiona Ní Fhlatharta
Máire Uí Chonaola
Tommy Cevan Ó Níaidh
Jackie Mac Donncha
Seán Ó Maidín
Peigí Ní Chonghaile
Micheál S. Mac Donnacha
Máire Ní Chualáin
Peadar Ó Tuathail
Linda Ní Dhroighneáin
Barra de Bhaldráithe
Muireann Ní Dhroighneáin
Patrick Ó Máille

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht:

Mairéad Ní Chonaire
Coiste Pobail Chamuis
Colm de Bhaldráithe
Cólman Ó Flatharta
Philomena Ní Fhlatharta
Máirtín Tom Sheáinín
Sorcha Nic Dhonnacha - Údarás na Gaeltachta
Pádraig Ó hAoláin - Údarás na Gaeltachta
Majella Ní Chríocháin - Údarás na Gaeltachta
Pádraig Ó Cuinn - Gaelsaoire
Bertie Ó Féinneadha - Gaelsaoire

Tomás Mac an Iomaire - RTE RnaG
Neasa Ní Chualáin - RTE RnaG
Pádraig Ó Ráinne - TG4

Laillí Lamb
Na Fíréin
Pádraig Ó Duinnín - Contempo
Pól Ó Cuinneagáin
MacDara Ó Curraoin
Josie Sheáin Jeaic Mac Donnacha
An tAth Pádraig Consaidín
Gwyn Uí Ghaora
Tadhg Mac Dhonnagáin
Caomhán Mac an Iomaire
Niall de Búrca
Isadora Ní Loingsigh, Europus
Sinéad Ní Ráinne, Europus
Joe Steve Ó Neachtain
Sarah Uí Mháille
Na Foirne Curachaí Áras MhacDara ar an gCeathrú Rua agus coistí Ionaide Lae Chonamara
An Spailpín Fánach Foireann
Leabharlainne na Ceathrún Ruaidh
Áras Uí Chadhain
Seanscoil Sailearna
Eric Byrne

Na Moltóirí

Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagralodh imeachtaí iontu.

Buíochas speisialta do fhoireann Raidió na Gaeltachta

Clár na hIrise

5 An saol le Séamus Jamesie

6 Siopa Uí Mháille

12 Comhairle Chonamara
Seosamh Ó Cuaig

14 Oidhreacht Lamb
Máire Ní Chualáin

18 Pleanáil agus Teanga i nGaeltacht Chonamara
Donncha Ó hÉallaithe

22 Teach Ósta Uí Fhlatharta nó Tigh Khit
Meta Uí Mháille

25 Na Súilleabhánaigh as Uachtar Ard
Séamas Ó Cualáin

28 Cór Náisiúnta ar Camchuairt

30 Clár na Féile

32 Imeachtaí na Féile

36 Ealaíontóirí sna Scoileanna

38 Scríbhneoirí Óga

40 Trathnóna Filíochta

41 Capoeira
Colm de Bhaldráithe

42 Aiséirí Na Fíréin

44 Ealaíon don Óige

48 'An Chéad Laoch'
- James Brendan Connolly

50 Gearrscéal:
An tlascaire Dúshlánach

PRÍOMHURRAITHE NA FÉILE

Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Ealaín na Gaeltachta, Éigse Éireann, Gaelsaoire

Turasóireacht i gConamara: bás nó beatha?

Bhuel tá sé tagtha agus imithe, séasúr na turasóireachta. An raibh sé go maith nó go dona? Braitheann sé cén cineál turasóireachta a bhfuil tú ag caint air. Mar tá an dá chineál anseo i gConamara.

Don dream a bhíonn ag plé le fámaí; Meiriceánaigh, Eorpaigh, Breatnaigh, agus gnáthmhuintir na tíre seo ar a gcuid laethanta saoire i gConamara, bhí an séasúr go dona agus fíor-dhona. Fiú iad siúd nach mbíonn baint ná páirt acu le tionscal na turasóireachta, thug siad faoi deara chomh gann is a bhí na cuairteoirí i mbliana.

Tá trí nó ceithre cinn de dhroch bhlianta curtha dinn anois. Bhí leithscéalta áirithe ann; an galar crúb agus béil, 9/11, An Iaráic agus anois nach an Dollar. Baineann na leithscéalta seo leis an Yank ar ndóigh ach ní bhaineann siad leis an Eoraip. Cén fáth nach bhfuil muintir na hEorpa ag teacht níos mó? Tuigtear anois go bhfuil géarchéim ann, fiú Fáilte Ireland tá siad faoi dheireadh ag admháil go bhfuil cúrsaí go dona, go speisialta in Iarthar na tíre, ach an féidir tada a dhéanamh faoi?

Cuimhnigh air seo, níl sé i bhfad ó bhíodh chuile bheár sa Spidéal ag cur thar maoil i rith míonna Iúil agus Lúnasa. Anois ní bhíonn mórán níos mó ná muintir na háite iontu agus tá an scéal mar an gcéanna ón Spidéal

siar. An fhadhb bhunúsach atá ann... tá muid daor, i bhfad ró-dhaor agus tá an scéal amuigh fúinn ar fud na hEorpa. Cuirtear an milleán go minic ar Oirthear na hEorpa agus na praghsanna íseal ansiúd ach níl ansin ach cuid bheag den scéal. Tá muid i bhfad níos daoire ná an Ghearmáin, An Ostáir, An Ísiltír agus mórán chuile thír eile in Aontas na hEorpa agus níl fonn ar bith ar mhuintir na dtíortha sin teacht ar saoire go tír atá i bhfad níos daoire ná a dtíortha féin.

Agus fiú dá mbeadh líon mór cuairteoirí in Éirinn cén fáth an dtiocfaidís ar cuairt anseo. Breathnaímis tamall ar Chonamara mar ionad saoire? Céard atá dá thairiscint againn don chuairteoir? Lóistín... agus ní mórán eile, le bheith fírinneach. Níl aon dabht ach go bhfuil an taobh tíre go hálainn; an fharraige, cladach agus cuanta, claíocha, an sliabh, na haibhneacha agus locha. Ach níl aon mhargaíocht comhordaithe á dhéanamh againn ar an áilleacht seo agus fad is nach bhfuil, beidh na fámaí ag tarraingt ar áiteacha eile..

Agus cá bhfuil na seirbhísí eile seachas lóistín? Bia; an riachtanas is bunúsaí, níltear ag freastal air. Cá dtiocfaidh daoine ag ithe? Níl bialann ar bith gur fiú trácht air níos faide siar ná An

Spidéal. Nach bhfuil aon ghá rud ar bith a ithe i Ros A'Mhíl, sna hOileáin, Ros Muc, Cill Chiaráin nó Carna? Tá an fharraige mhór amuigh ansin agus is iomaí stráinséar a bheadh breá sásta le béile breá ronnachaí, mangachaí, bradán agus bia mara eile na háite - agus níl aon ghá le bialanna galánta. D'fhéadfadh na tithe ósta freastal níos fearr a dhéanamh ar chúrsaí beatha ach is beag acu a dhéanann rud ar bith.

Caithfidh muid a admháil nach ndéanann muid ró-éasca nó ró-mhealltach don chuairteoir fanacht níos mó ná oíche amháin i nDeisceart Chonamara. Ní chuireann muid caitheamh aimsire eagraithe ar bith ar fáil dóibh. Fiú na rudaí is simplí - grúpaí a thabhairt amach ag siúl ar chriathrach agus cladach, turais báid, seisiúin cheoil rialta. Níl aon chaisleáin nó suíomhanna seandálaíochta cáiliúla sa gceantar ach le beagáinín samhlaíochta is cinnte go bhféadfaí an ceantar a dhéanamh níos mealltaí don chuairteoir.

Nach íoróineach gurb é an imeacht is coitianta atá á thairiscint don chuairteoir i nDeisceart Chonamara faoi láthair ná turas go hÁrainn nó go Tuaisceart Chonamara? Is é sin na daoine (agus a gcuid airgid) a chur amach as an gceantar.

TURASÓIREACHT CULTÚIR

Tá tionscal eile turasóireachta againn i gConamara Buíochas le Dia a leanann ar aghaidh chuile bhliain beag beann ar cén treo an bhfuil an ghaoth idirnáisiúnta ag séideadh. Ní mórán againn a smaoiníonn uirthi mar ghnó turasóireachta ach is iontach an gnó é. Na coláistí samhraidh agus lucht foghlama na Gaeilge atá i gceist, turasóireacht cultúir í seo. Tá a fhios againn uilig go dtagann na mílte daoine óga go Conamara chuile bhliain ag foghlaim na Gaeilge. Téann an gnó seo go mór chun tairbhe cuid mhaith daoine ar fud na Gaeltachta agus téann an taithí Gaeltachta seo go mór chun tairbhe "na nGaeilgeoirí".

Nár bhreá an rud forbairt ar an gcineál turasóireachta seo, agus an taithí Gaeltachta a roinnt le daoine fásta agus teaghlaigh. Ar ndóigh reachtálann Áras Mháirtín Uí Chadhain cúrsaí Gaeilge i gcaitheamh na bliana d'Éireannaigh agus d'eachtrannaigh. Déanann said jab an-mhaith agus bíonn freastal maith ar na cúrsaí seo. Is cúrsaí acadúla go maith iad seo áfach. Tá áit ann freisin don saoire éadrom spraoiúil, do dhaoine ar mhaith leo fanacht sa gceantar, meascadh le muintir na háite, a gcuid Gaeilge a chleachtadh (nó beagán a fhoghlaim), blaiseadh d'amhránaíocht, ceol agus damhsa na háite, agus taitneamh a bhaint as an taobh tíre agus an nádúr. Níl aon teora leis na himeachtaí simplí a d'fhéadfaí a chur ar fáil.

Tá a leithéid seo á dhéanamh ag Oideas Gael i nGleann Cholm Cille. Éiríonn leo siúd pacáistí

iontacha saoire a chur ar fáil bunaithe ar an teanga, an cultúr agus acmhainní nádúrtha an cheantair, agus é seo ar fad in áit nach bhfuil an teanga agus an cultúr Gaelach leath chomh láidir is atá i gConamara.

Cé go bhfuil an tír costasach agus margat saoire níos fearr ar fáil thar lear, fós féin tá daoine ann a bhfuil dúil acu sa saoire Gaeltachta.

Ina measc seo tá teaghlaigh Gaelacha ó áiteacha eile sa tír atá ag iarraidh an taithí Gaeltachta a thabhairt dá gclann, Éireannaigh eile ar mhaith leo cur lena gcuid Gaeilge, agus eachtrannaigh atá ag cuartú taithí difriúil agus sainiúil ar Éirinn nó i gcás na Meiriceánach, ag iarraidh "a gcuid fréamhacha Éireannacha" a aimsiú.

Tá an Ghaeltacht difriúil agus tá rudaí speisialta againn le roinnt nach bhfuil ar fáil in áit ar bith eile sa tír. Tá margadh ann don difríocht sin.

Seo a leanas roinnt moltaí faoi nithe beaga agus móra a d'fhéadfaí agus go m'fhiú tabhairt fúthu

1. Pacáistí saoire ag baint le teanga agus cultúr na Gaeltachta.
2. Seónna ceoil, amhránaíochta agus damhsa, eagraithe go rialta sna ceantair éagsúla tríd an Samhradh
3. Siúlóidí treoraithe, agus bileoga siúlóidí
4. Cainteanna agus léachtanna ar ábhair éagsúla
5. Scannáin agus físeáin a thaispeáint go rialta
6. Deiseanna bádoireachta agus seoltóireachta a chur ar fáil.

7. Fógraíocht níos forleithne d'fhéilte áitiúla, geallta bád etc

8. Deiseanna spraoi do ghasúir agus imeachtaí eile do pháistí.

9. Ionad oidhreacht ag míniú saol na Gaeltachta mar a bhí agus mar atá.

10. Dearcadh níos dearfaí a chothú i measc mhuintir na háite maidir le déileáil le cuairteoirí ar mian leo blaiseadh de chultúr na Gaeltachta.

Tá GaelSaoire bunaithe ag Údarás na Gaeltachta le cúnamh a thabhairt le forbairt na turasóireachta sa nGaeltacht, ach caithfear a thuiscint gur scáth-eagras iad. Teastaíonn daoine ar an talamh a thógfaidh cúrsaí turasóireachta ar lámh go háitiúil.

Creideann Pléaráca go bhféadfaí cultúr na Gaeltachta a neartú tré ról lárnach a thabhairt dó i gcúrsaí turasóireachta. Ba mhaith linn go dtabharfaí ardán d'amhránaíocht, do cheol agus do dhamhsa na háite agus go ndéanfaí buanú ar scileanna traidisiúnta. Chuige sin fáiltíonn muid roimh chuairteoirí ó chuile chearn den tír teacht agus taitneamh a bhaint as Pléaráca Chonamara 2004 agus as ár gcuid imeachtaí eile i gcaitheamh na bliana.


NB. Ní bhaineann an t-alt seo chomh mór céanna le hÁrainn, os rud é go bhfuil tionscal na turasóireachta ansiúd forbartha go mór cheana féin agus infrastuctúr láidir bunaithe thart air!

Scoth na scríbhneoireachta



Tá scoth na scríbhneoirí ag cruthú rogha leathan de leabhair Ghaeilge don uile léitheoir.

Ficsean, filíocht, faisnéis... tá rogha níos leithne ná riamh ann anois. Bí á léamh!



... scoth na Gaeilge



ÁIS

31 Sr. na bhFiníní,
BÁC 2, Éire.
T: +353-1-661 6522/6259
F: +353-1-661 2378

Aonad de chuid



Foras na Gaeilge

Sé Séamus Jamesie Ó Flaithearta a osclóidh Féile Phléaráca Chonamara 2004 sa Chistin ar an gCeathrú Rua an Aoine 1 Deireadh Fómhair ag 8.00. Tá aithne ag Gaeltacht agus Galltacht ar Shéamus de bharr a chuid craoltóireachta ar Raidió na Gaeltachta. Ach bhí agus bíonn níos mó ná sin ar bun aige. Le leisce an fhocal a bhaint as a bhéal féin (rud a bheadh deacair!), d'iarr muid air cur síos a dhéanamh dúinn ar a shaol.

An saol le Séamus Jamesie

Is mac le Michaelín Jamesie agus Mary Bhríd Rua as Eoghanacht, Inis Mór mé. Is in Eochaill a bhí teach ar cíos acu nuair a rugadh mise. Tamall gairid ina dhiaidh sin, fuair said teach ceann tuí ar cíos i bhFearann a' Choirce - Tigh Phaits Tom agus blianta ina dhiaidh sin, cheannaigh said teach dhá stór (Tigh Annie Mhike) ó Alice Bn Nic Giolla Phóil, céad slat siar an bóthar sa mbaile céanna.

Ba mise ba shine agus Máire nach maireann, ansin Éamonn a fuair bás go hóg. Rugadh Máirtín agus Michael ansin agus ina dhiaidh sin rugadh Bríd agus bhásaigh sise go hóg freisin.

Is ag Scoil Náisiúnta an Cheathrair Álainn a chuaigh muid ar fad. Ní raibh sí ach siar an bóthar uainn, rud a d'fhág nach raibh sé ar ár gcumas mitseáil ná tada mar é a dhéanamh. Bhí muid ró-ghar don bhaile, bhí muid i gcónaí faoin ordóg.

Sí Máire Bn. De Búrca, go ndéana Dia trócaire uirthi, an múinteoir a bhí againn sna naíonáin, sa gcéad agus sa dara rang agus Micheál Ó Droighneáin as sin amach. Sé is mó a d'fhan i mo chuimhne féin mar bhí sé gear. D'imir sé peil agus iománaíocht agus rinne sé go leor lúthchleasaíochta linn. Chuir sé fíor-bhrú orainn agus rinne sé chuile iarracht muid a chur ar bhealach ár leasa ach ag an am is beag tuiscint a bhí againn ar an saol a bhí amach romhainn agus gur ar mhaithe linn a bhí sé.

Tar éis na bunscoile chuaigh mé



ag Gairmscoil Éinne. Tar éis aon mhí amháin, bhí mo dhóthain den scolaíocht agamsa agus ba ghearr gur lá ann agus lá as a bhí ann agus ansin sa mbaile ar fad. Ag an am, bhí teach aíochta Uí Chonghaile i gCill Mhuirbhígh faoi lán tseoil agus daoine dá réir ag obair ann. Is gearr gur ann a bhí mise mar gur ann agus timpeall ann a bhí an chraic. Is ar an mbaile sin a bhíodh daoine óga an oileáin ag obair ag an am agus mura raibh craic ann, ní lá go maidin é. Is ann a d'fhoghlaim muid beagán Béarla agus casadh daoine mór le rá orainn freisin. Bhí gluaisrothair, carrannaí agus gluaisteáin ann agus is é Micheál Ó Conghaile (Twenty) a mhúin go leor againn le tiomáint.

Sa mbliain 1962, thug mise in éindí le beirt eile, cuairt ar Bhirmingham Shasana. Tar éis cúpla mí tháinig mise abhaile. An 14 Feabhra 1963, thosaigh mé mar fhear tí solais i mBeann Éadair agus as sin go dtí 1988 bhí mé i mo fhear tí solais ar fud chósta na hÉireann.

Phós mé Mary May Nan as Cill Rónáin i 1970 agus chuir muid fúinn i bhFearann a' Choirce. Tá mac amháin againn agus tá seisean pósta agus socraithe síos ar an oileán freisin anois.

Chaith mé seacht mbliana mar ionadaí Inis Mór faoi scáth Choiste

Forbartha Árann ar Chomhairle Contae na Gaillimhe. Bhain mé an-sásamh as sin agus chuir mé eolas ar go leor.

I 1994, tháinig an tSeirbhís Dóiteáin ar an oileán. Ceapadh mise mar oifigeach stáisiúin agus lean mé leis sin go dtí mí na Nollag 2003 agus bheinn fós murach an aois faraor.

Maidir le RTE Raidió na Gaeltachta, ní raibh siad ach bliain nó dhó ar an aer nuair a thosaigh mé ag déanamh píosaí dóibh agus tá mé fós. Bainim an-sásamh as an obair sin. Taithníonn ceol, damhsa agus amhránaíocht liom. Tá an-mheas agam ar an teanga agus ar na sean-ghnásanna agus go mórmhór ar na seandaoine a bhfuil an teanga agus na seanghnásanna sin acu. Bainim an-seasamh as chuile bhliain nuair a thugann Pobal-ar-Aire, Inis Mór, grúpa daoine aosta ón oileán ar thuras go Gaeltacht éicint.

Tá feabhas mór ar an oileán ó bhí mise ag éirí suas, ach fós tá faillí déanta i rudaí, iad curtha ar an méar fhada. Áit mar Inis Mór a bhfuil daoine ag tarraingt ann ó cheann ceann na bliana, ní dhéanann an Rialtas aon allúntas do na hoileánaigh. Más tada é, is ag obair ina n-aghaidh a bhíonn said. Tá dlí nua éicint ann chuile lá agus tuigean an saol mór an dlí a oibríonn i mBleá Cliath gur deacair dhó oibriú ar oileán mara ar chósta thiar na hÉireann.

Tá súil agamsa an chuid eile de mo shaol a chaitheamh ar an oileán ag déanamh na rudaí a mbaineann mé sásamh astu.



Tomás Ó Máille agus a bhean, Máire Coirbín.


Siopa Uí Mháille

Tá Siopa Uí Mháille i Rosmuc le os cionn céad bliain go maith. Labhair Frank a' Mháille le Meta Uí Mháille faoi stair an tsiopa agus an saol mar a bhí.....

Bhuel ba as Dúchta a tháinig na Máille, agus is fada fada siar é. Ba dhuine d'ochtar clainne é m'athair mór, Tomás. Bhí ceathrar leids ann agus ceathrar mná. Sé an t-aon duine amháin acu é a d'fhág an tír, agus chomh fada le mo bharúil phós sé sul má d'fhág sé Dúchta.

"Phós sé comharsa, Máire Coirbín agus chuaigh siad go Sasana. D'fhan an dream eile ag baile, phós siad agus d'fhág siad rian ar

Chorr na Móna, idir Seoige, Droighneáin agus Lowerys, sin iad na gaolta a bhí againn. Ach chuaigh sean Tom a' Mháille mar a tugtaí air go Sasana. Rugadh gasúr leo i Sasana - Bríd, sin í a bhí pósta ag Paitín Dan, san áit a bhfuil cónaí ar Mháire Uí Chonaola nó Mary Ivy mar thugann muid uirthi. Ise ba sine, chomh fada le mo bharúil, Pádraig a bhí ar an dara duine agus ansin m'athair Michael, Johnny, Cólman agus Mary Ann. Cailleadh Mary Ann nuair a bhí sí seacht mbliana.



Chuaigh Pádraig go Pittsburg, is ann a cailleadh é. Nuair a tháinig Tom a' Mháille abhaile sé an áit a dtáinig sé ar dtús go hUachtar Ard. Chomh fada is a fuair mé eolas bhí gaol éicint aige in Uachtar Ard agus déarfainn go raibh faoi fanacht in Uachtar Ard, ach chuala sé faoi áit a bhí dá dhíol i Rosmuc, sin a chas go Rosmuc é.

An áit a bhfuil muid anois ba ag clainne Confhaola a bhí sé. De réir an eolais a bhí ag John Mhichael Phádraig Antaine bhí gaol acu le Saile Tom Shaidhb. Tá an teach a bhí ann ag an am ina sheasamh fós, sin é an scioból atá taobh thoir den teach s'againne.

Nuair a tháinig Tom a' Mháille go Rosmuc ar dtús ba thíos i dTeach na Leachtaí a bhí sé, an áit a bhfuil Tigh Mhicil Pháidín, bhí baicéara ansin, ach níl an scéal agam.

Níl mé siúráilte cén uair a d'oscail siad an siopa anseo. Rugadh m'athair in 1884 ach chaitheadh sé go dtáinig Tom a' Mháille go Rosmuc thart ar 1870.

Cheannaigh sé an áit seo agus thóg sé an teach seo. Thóg sé an teach ina bhfuil an

tíonad Sláinte anois agus phós mac leis Cóilín ansin. Sé a thóg an teach a bhfuil Tigh Chlarke ann agus sé Johnny a bhí ansin. Is aisteach an rud a rinne sé agus cheistneá an ndearna sé an ceart, bhí siopa ins chaon áit acu agus an triúr acu ag coimhlint lena chéile. Nuair a bhreathníonn tú siar air insíonn sé céard a bhí ar bun san am, bhfuil fhios agat bhí an oiread sin siopaí ag teastáil, ní raibh carranna ag daoine ná bicycles agus bhíodh go leor siopaí beaga i chuile áit. Ach sin a rinne seisear bíodh sé ceart nó contráilte.

Thosnaigh sé an-bheag, chloisinn m'athair ag caint air. Ag an am thógadh siad muc, chuireadh sé an mhuic ar charr capaill agus théadh sé go Baile an Róba ar an margadh leis an muic a dhíol. Cheannaíodh sé cúpla mála plúir ar a luach le tabhairt abhaile le díol. Sin é an sórt saoil a bhí ann san am sin. Ní thuigfeá é, níor thuig mise é gan trácht ar an

Thuas: an teastas a bronnadh ar Mhicheál Ó Máille i Londain 1912.

ar lean

dream óg anois.

Níl fhios agam cén uair a fuair siad Oifig an Phoist, ach bhí Oifig Poist sa gceantar roimhe. Amuigh ag Tigh Bheartlín Antaine a bhí an tsean-oifig, sa seanbhalla gar don teach ansin. Níl mé in ann a rá cé aige a raibh sé. Ach sí mo sheanmháthair a fuair an Oifig anseo, ní hé Tom Ó Máille. An t-údar a bhí leis sin de réir mar a dúradh liom, ní raibh aon léann aige fhéin, ach muna raibh bhí cloigeann maith air i mbealaí eile.

Ba as Sligeach mo mháthair, Bridget Quinn agus sé an bealach a casadh ar m'athair, Michael a' Mháille í ná go raibh deirfiúr léi - Ann in Uachtar Ard. Bhíodh sí seo ag obair do Bhord na gCeantar Cúng. Bhí gnó aici, ag déanamh geansaithe agus earraí cníotáilte. Thóg sí teach in Uachtar Ard, an chéad teach ar thaobh na ciotóige ar an taobh thuas den droichead ar do bhealach go Gaillimh.. Tháinig mo mháthair ar cuairt aici. Bhíodh m'athair ag plé le beithígh, bhíodh sé ag dul ar aontaí agus casadh ar a chéile iad. Phós siad i 1925, sin é an bealach a dtáinig sise go Rosmuc.

Ba feirmeoirí beaga a bhí ina muintir thuas gar do Bhanada, Tubbercurry. Chuaigh sí ar scoil ag na mná rialta ansin. Chonaic siad go raibh sí go maith lena lámha, thógadar isteach í agus thugadar léann di. Chuaigh sí ina dhiaidh sin go dtí an College of Art i mBaile Átha Cliath. Tar éis an Chogaidh Mhóir chuaigh dream damhseoirí, ceoltóirí agus daoine le scileanna éagsúla anonn go Meirceá. Chuaigh sise in éineacht leo agus chaith siad sé mhí i Meirceá. Bhí deirfiúr léi pósta i Meiriceá. Bhíodh muid ag fiafrú di blianta ina dhiaidh sin ar mhaith léi dul ann aríst, "chaith mé mo dhóthain ama ann" a déarfadh sí, "chonaic mé mo dhóthain".

Ní raibh aon Ghaeilge aici nuair a tháinig sí go Rosmuc, ach d'fhoghlaim sí í, b'fhéidir nach Gaeilge mhaith a bhí aici. Bhí Gaeilge aisteach aici, tá sé chomh maith dom a rá, rinne sí a cuid Gaeilge fhéin de. Bhí an-suim ag mo mháthair i mbláthanna agus i ngarraíodóireacht- "fág amuigh anseo mé" a deireadh sí. Chuir sí ar m'athair garraí a dhéanamh di - "as ucht Mac Dé ort, a bhean" a deireadh sé "féach an méid airgid atá tú a chaitheamh leis sin". Ní raibh aon Bhéarla ag m'athair go raibh sé suas ina leaid óg - bhíodh múinteoir ag dul thart agus d'fhanadh sé i dtithe sa gceantar, bhíodh sé ag múineadh Béarla agus sin é an chaoi ar fhoghlaim m'athair Béarla.

Ach bhí sé de bhua agamsa anseo go raibh Gaeilge agus Béarla agam, tá an Ghaeilge togha



Michael a' Mháille agus a bhean Bridget.

agus tá súil agam go mbeidh sí beo agus go mairfidh sí, ach ní féidir déanamh gan Béarla.

Bhí an-suim ag m'athair i gcaiple agus i mbeithígh. Bhí baint aige le bunú Chumann Chapallíní Chonamara. Bhíodh dream ag teacht ag iascaireacht go Scríb, dochtúir as Harley Street i Londain ar dhuine acu. Bhí practice mór aige agus ba capaill a bhíodh aige mar bhealach taistil, ní raibh carranna ann ag an am. Bhí cúig nó sé de chapail aige. Chuir sé fhéin agus m'athair aithne ar a chéile. D'iarr sé ar m'athair dhá mbeadh sé in ann cúnamh a fháil dó an dtabharfadh sé capaill go dtí an Olympic Stadium i Sasana. Bhí m'athair ina fhear óg ag an am sin, ocht mbliana fíchead d'aois agus dúirt sé go dtabharfadh.

Séard a bhí sa seó i Londain ná taispeántas de gach cineál stail agus láir sa domhan. Thug m'athair stail agus láir anonn, bhí Joeín a'Bhreathnaigh as na hOileáin in éineacht leis, sin i 1912. Tá teastas sa teach a bronnadh air ag an am. Bhí an-spéis aige sna caiple, bhí go leor eile a raibh

caiple acu nár thuig an méid a bhí an Department a dhéanamh, mar go raibh Capaillíní Chonamara dhá milleadh. I 1923 tháinig dream acu le chéile thíos i nUachtar Ard agus sé m'athair a scríobh na chéad miontuairiscí. Is as sin a tháinig Cumann Chapaillíní Chonamara agus Seó Chapaillíní Chonamara a bhíonn ar siúl sa gClochán.

An Piarsach

Sé m'athair a thóg an Piarsach isteach nuair a tháinig sé go Rosmuc an chéad lá ariamh. Tháinig sé go Maam Cross ar an traein, tugadh isteach anseo é agus is anseo a d'fhan sé na chéad laethanta. Níor chuir sé mórán aithne air dáiríre taobh amuigh de sin. Níor thuig an gnáthdhuine anseo é. Bríonglóir a bhí ann, níor tuigeadh é, bhí sé i bhfad chun cinn ar a am. Deireadh mo mháthair, réabhlóidí ceart a bhí inti thairis m'athair - "níor tuigeadh ariamh an téirí Amach" a deireadh sí "nó gur crochadh iad. Chomh luath is a crochadh iad, d'athraigh an scéal, d'athraigh an tír." Bhí deirfiúr mo mháthair in Uachtar Ard, anghníomhach i gCumann na mBan.

An Siopa

Sé an obair is mó a bhí ag baint le siopa sna blianta siar ná go raibh chuile shórt le meáchan. Bhí chuile shórt ceart ach tae, bhí go leor deannach ann, théadh sé suas i do shrón agus i do chuid gruaise.

Tá athrú mór tagtha ar an saol. Le linn m'óige, nuair a thagadh daoine ag siopadóireacht - mura mbeadh siad ag ceannacht plúir - ba mhór an siopadóireacht £1. Céard a cheannófaí? tae, siúcra, gallaoireach, b'fhéidir éadach corr uair, ní raibh an t-airgead ann. Bhí a gcuid fhéin acu ag baile. Bhí an t-im acu fhéin, an bainne, uibheacha agus neart fataí. Go leor den stuf a ceannaítear sa siopa anois, bhí sé acu fhéin ag baile. Tá an lá sin imithe, táthar ag brath ar an siopa le haghaidh na rudaí sin ar fad anois.

Thugadh muintir na háite isteach uibheacha. Chaithfeá ceadúnas a fháil chun uibheacha a cheannacht agus chuirte chun bealaigh go dtí Cartoon Brothers i mBaile Átha Cliath iad. Déarfainn gur muid féin agus Tigh Chonroy an t-aon dream a bhí dhá dhéanamh sin, ach ní raibh sé ach ar scála beag, ní raibh sé ar an leibheál céanna chor ar bith leis an taobh eile de Ghaillimh.

Thagadh beagán den stuf i gcomhar an tsiopa go dtí an Teach Dóite (Maam Cross), nuair a bhí an traein ag teacht ann, ach bhí bodráil an diabhair as sin ort. Bhí ort carr capaill a fháil lena thabhairt

isteach - aistir 10 míle. Sé an bealach is mó a thagadh sé ná aníos as Gaillimh i mbád, sa Morning Star (an Réalt a tugtaí go háitiúil uirthi), bád mór Mhaitias Uí Mháille aníos as Tigh Mháirtín Mhóir, Tigh Phalmers agus chuile shiopa eile thart.

Plúr agus bran is mó, ní raibh aon chaint ar eorna, plúr, sin a raibh glaoch air. Is cuimhneach liom go mbíodh m'athair ag rá go raibh Maitias in-ann 20 tonna a thabhairt leis. Ó 18 - 20 tonna an lucht stuif a thugadh siad go dtí an Sruthán Buí agus na creatúir shaothraigh siad é, sin siar sna 30aidí.

Is cuimhneach liom go minic go dtéadh Maitias go Gaillimh, é fhéin agus Michael Mhicil Dharach. Bheadh tú ag súil leo ag am áithrid, an chéad rud eile geofa scéala go raibh orthu tarraingt isteach sa Spidéal ag drochaimsir agus b'fhéidir go gcaithfeadh siad dó nó trí de laethanta ansin. Isteach sa Sruthán Buí a thagadh siad. Nuair a chuimhneá ar a shaothraigh siad, bhíodh sé le caitheamh aníos ar an gcéibh, ón gcéibh isteach i gcarr capaill agus ansin le caitheamh anuas aríst, bhí an oiread oibre a ag baint leis.

Bhí carr capaill againn fhéin agus thagadh carr eile le cúnamh a thabhairt an stuf a thabhairt aníos ag an siopa. Bhíodh sé ansin le leagan aríst ag na cuistaiméirí, mar bhí cuid mhaith de na bailte i bhfad uait - muintir Chamuis, muintir Ghleann Treasna agus Leitir Móir na Coille, chaitheadh tú, ní raibh aon bhealach eile acu. Bhí sé i gcónaí de thraidisiún anseo agus Tigh Chonroy stuf a leagan. Tugtaí ábhar tí, adhmaid agus sclátaí agus chuile shórt anoir sa mbád. Is anoir ar an bhfarraige a tháinig mórán chuile rud.

An Choláiste Tin - Coláiste an Phiarsaigh

Bhí baint mhór ag m'athair agus ag go leor eile as an áit léi - Colm Ó Gaora, an tAth. Kenny, Pat Chon, bhí go leor acu ann. Anoir as Tigh Mháirtín Mhóir a tháinig an stuf. Déanadh saor é, tin agus adhmaid, d'fheil sé san am. Bhí sé de riachtanas ag dream a bhí ag dul ag múineadh scoile go gcaithfidís cúrsa Gaeilge a dhéanamh ar feadh trí mhí sa samhradh.

Sin é an t-am a bunaíodh Coláiste Chonnacht sa Spidéal, coláiste eile sna Forbacha - Coláiste an Phiarsaigh a bhí uirthi freisin agus an ceann anseo i Rosmuc. Osclaíodh í i 1933 agus mhair sí go dtí 1937. Sé an fáth ar thit sí as a chéile ná gur fritheadh réidh leis an riachtanas ó thaobh na Gaeilge agus ní raibh an t-éileamh céanna ar

ar lean

chúrsaí Gaeilge ansin.

Monarcha cniotála

Cailleadh deirfiúr mo mháthar a raibh an obair chniotála aici in Uachtar Ard i 1933. Choinnigh mo mháthair an obair ar siúl ansin ar feadh píosa, bhí triúr cailíní ag obair ann. Le himeacht na mblianta, d'éirigh siad sin sean, d'éirigh siad as an obair agus dhíol sí an teach thíos. Bhí sé i gcónaí ina hintinn tosnú anseo i Rosmuc.

Bhí ceann de na stórtha anseo ar cíos ag Gaeltarra Éireann. Ansin thit an Cholaíste Tin i léig agus thóig Gaeltarra Éireann ar léas é agus nuair a chuaigh sé sin síos thosaigh mo mháthair arís beagán cniotála sa stór a bhí folamh. Bhí cúigear nó seisear cailíní ag obair ann.

Seirbhís Taistil

Bhí seirbhís taistil againn - ag plé leis na báid is mó agus ansin eitiltí nuair a thosaigh Riananna. Ní raibh sé mór. Muintir na háite fhéin a mbíodh muid ag déileáil leo den chuid is mó. Bhí go leor ag imeacht ag an am sin, bhriseadh sé do chroí, chuile dhara duine ag imeacht agus céard eile a bhí acu?

Tar éis an chogaidh bhriseadh sé do chroí nuair a thagadh dhaoine abhaile a bhí imithe le dhá scór blianta. Bhí a muintir caillte, an dream a raibh aithne acu orthu caillte agus b'fhada leo go mbeadh siad imithe as an áit arís. Ach an dream a d'imigh tar éis an chogaidh, 'bhfuil fhios agat, d'athraigh rudaí, bhí siadsan in ann a theacht ar ais i gceann deich mbliana nó dhá bhliain déag, agus maidir le anois tá leath an phobail anonn is anall, níl aon suntas air.

Scoil

Chuaigh mé fhéin agus Brenda ag an scoil ar an Turloch Beag. Chuaigh mise ina dhiaidh sin go Coláiste Sheosaimh i Ros Cré i dTiobraid Árann agus bhí fáth leis sin. Theastaigh ó m'athair scoil a thabhairt dúinn ach cá gcuirfí mé? Bhí fear as taobh thoir de Ghaillimh, Áth Cinn a bhíodh ag fanacht Tigh Johnny a'Mháille in Eiliúrach. Bhí m'athair ag cur tuairisce leis agus dúirt sé leis go raibh fhios aige faoin scoil seo i Ros Cré a dtéadh go leor as Áth Cinn ann. Sin é an bealach a ndeachaigh mise go Ros Cré i 1941 agus bhí mé ansin go dtí 1946.

Bhí an-suim agam in aclaíocht ar nós aon leaid óg. Bhí an-bhéim ar rugbaí, ba rud é a bhain leis an scoil. Bhí iománaíocht ann freisin ach ní raibh aon mhaith linne, ní raibh aon taithí againn air. Ní raibh ann ach triúr againn as Conamara, mé fhéin, duine as an gClochán agus duine as an Lónán. D'imir mé

rugbaí leis an scoil, ar an wing a bhínn. Coisí a bhí ionam, b'fhearr liom an aclaíocht, fuair mé boinn i gCúige Chonnacht agus i gCúige Laighean san aclaíocht.

I mbun an tSiopa

M'anam nuair a bhí mé seacht mbliana d'aois cuireadh ag obair sa siopa mé, ní dhearna sé blas dochair dom agus b'fhéidir cúpla clabhta a fháil freisin mura mbeinn ag déanamh an rud ceart.

I 1946 a chuaigh mise i mbun an tsiopa anseo agus tá mé ann ó shin. Sin beagnach trí scóir bliain. Fuair mé an tsláinte lena dhéanamh buíochas le Dia. Tá go leor athruithe feicthe agam i rith an ama sin. Nuair a thosaigh mise anseo bhí sé an-chrua, sin é an t-am a raibh an chandáil nó an ration ann. Ní raibh tada le fáil ag daoine, leath unsa tae, unsa ime is mar sin sa tseachtain. Bhí candáil ar chuile ní. Bhí liosta le déanamh amach do na tithe agus do chuile dhuine i ngach teach, cé mhéid unsa tae, im, plúr, tobac, gallaoireach, coinnle, éadach srl a bhí ag dul do chuile dhuine. Iad le meachán, bhí go leor bodráil ag coinneáil cuntas orthu sin.

Sin é an t-am is measa a bhfaca mise an saol, le linn an chogaidh agus go gairid ina dhiaidh, ní raibh tada ann. Is dócha go raibh an saol go dona roimhe sin ach nach cuimhneach liom é. Le linn an chogaidh agus go gairid ina dhiaidh, bhí cruatan ann. Is cuimhneach liom uair anseo, bhí dream ag fanacht le plúr agus coinníodh Maitias i nGaillimh ar feadh seachtaine ag drochaimsir, bhí daoine ag fáil ocras, ní thuigeadh dream anois é. Ní raibh neart ag aon duine air, bhí an aimsir go dona agus ní raibh aon bhealach eile ann. Bhí daoine go maith le chéile, roinn siad le chéile, ach ní raibh mórán le roinnt nuair a bhí an ration ann.

Ní raibh sé chomh dona i ndiaidh aimsir an chogaidh, bhí daoine in ann scríobh is léamh agus bhí an t-airgead ag teacht ón dream a bhí imithe as baile. Is cuimhneach liomsa faoi Nollaig, bhíodh an clái sin taobh amuigh den tsiopa dubh le daoine ag fanacht le posta, ag fanacht le litir as Meiriceá. Siad Seán Árann agus Seán Laoi a bhíodh ag rith an phosta. Ach go deimhin is beag duine a loic gan airgead a chur abhaile faoi Nollaig.

Oifig an Phoist

Ba telegram an bealach ba scioptha fadó le scéala a fháil nó a chur chun bealaigh. Dá dtéadh duine go Meiriceá, telegram an chéad scéal a thagadh le rá go raibh sé landáilte. Nó dá mbeadh duine san ospidéal, ach ní mórán a théadh ag an ospidéal fadó. Ba ar an Oifig a bhí cúram an telegram a chur

go ceann scríbe, agus dhá bhfaigheadh tusa telegram deireanach tráthnóna bhí ort é a leagan an tráthnóna sin, ach ní thagadh mórán. D'íocadh An Roinn Post agus Teilegraif an oiread seo lena leagan ach níor thugadar mórán. Sa samhradh bhí sé éasca go leor, bhíodh na leaids óga sa mbaile ón scoil, d'fhaigheadh siad cúpla pingin ó mhuintir an tí agus cúpla pingin ón oifig anseo ach go deimhin ní mórán é.

Phós mé Maude Kyne i 1953. Tháinig sí ag obair anseo san oifig. Ba as an Fhairche Maude. Leag mé fhéin mo shúil uirthi. Bhí ochtar clainne againn, triúr iníon agus cúigear mac.

Tá cónaí ar mo dheirfiúr Brenda i mBaile Átha Cliath. Bhí sí pósta le Declan Quigley, bhí seachtar clainne acu - cúigear iníon agus beirt mhac. Ba as taobh thoir de Ghaillimh Declan, Ballycrissane i mBéal Átha na Sluaighe ach ba as Corr na Móna a athair. Bhí gaolta aige ar an Aird Mhoir, muintir Chathaláin. Duine de na Gaeilgeoirí ab fhearr agus ba mhó a raibh meas aige ar an teanga. Tá sé curtha anseo i gCill Eoin.

An tAthru is Mó

Sé an t-athru is mo ar an saol feicfear domsa agus déarfaidh mé go bé an rud is fearr a tharla in Éirinn ariamh ná an Saor-Oideachas.

Uaidh sin i leith tá rudaí feabhsaithe ag chuile leibhéal. Anois tá dream oilte agus tá siad in ann dul ina rogha áit agus tá muid ar aghaidh ar Mheiriceá agus ar Shasana agus na tíortha sin. Sin é an fáth a bhfuil ag éirí go maith linn. Ach maidir le feabhas tá sé dochreidte an feabhas atá tagtha ar an saol le scór blianta anuas.

An ceantar seo fhéin faoi láthair feach an feabhas atá tagtha, tithe nua dhá dtógáil, daoine óga ag pósadh, téann siad isteach Gaillimh ag obair, tá carranaí breátha acu, is mór an spóirt é agus is mór an mhisneach é. Tá fear maith againn, an tAire Éamon Ó Cuív, rud ar bith is féidir a dhéanamh déanfaidh sé é agus tá coistí maithe san áit. Feiceann tú an pháirc peile amuigh ar an nGort Mór, Coláiste nua an Phiarsaigh atá dá tógáil san áit a raibh an choláiste Tin, Pléaráca agus na heagrais eile. Tá an-obair dhá déanamh ag na coistí áitiúla. Ach caithfidh mé a rá tá an t-infrastruchtúr go dona.

Bhí mé i Meiriceá le gairid, tá muid i bhfad chun cinn orthu ar go leor bealaí, tá muid níos daoire, ach tá infrastructúr i bhfad níos fearr acu, ach arís



Frank a' Mháille agus a bhean Maude ar lá a bpósta.

tá siadsan mar sin le fada. Níl muid anseo i nÉininn ach ina thúis.

Maidir leis an gceist a chuir tú "Cén t-údar ar éirigh le Tigh an Mháille maireachtáil nuair a fheiceas tú go leor de na siopaí móra a bhí i gConamara bánaithe nó dúnta?" Is dócha mar gur fhan mé fhéin ann. Na siopaí eile d'imigh an dream astu. Ní raibh aon suim ag an gcéad ghlúin eile ann. Caithfidh tú freisin féachaint athru leis an saol, mura n-athróidh fágfar ansin thú."

De réir Frank bhí an méid fostaíochta a chuir siad ar fáil an-bheag. Bhíodh duine ag obair sa tsráid, duine sa siopa, cailín in Oifig an Phoist, níor chuir sé san áireamh an cúigear nó seisear a bhíodh ag obair sa monarcha cniotála, na bádóirí, an dream a bhíodh ag leagan stuif ná an dream a bhíodh ag obair ar an talamh ó am go chéile. Tá Tigh an Mháille ar an áit is mó sa bpobal i láthair na huaire féin a bhfuil foireann oibrithe fostaíthe ann.

Toghadh Seosamh Ó Cuaig ina Chomhairleoir Contae neamhspleách ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dtús an tSamhraidh seo caite. San alt seo, cuireann sé síos ar cheann de na pointí polasaí atá aige mar chomhairleoir – sin Comhairle riaracháin dá cuid féin do Chonamara

Comhairle Chonamara

Tá Bainisteoir nua ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Pat Gallagher, fear a bhí tráth ina Theachta Dála de chuid an Lucht Oibre. Ní raibh sé i bhfad tagtha nuair a thug sé cuireadh do na Comhairleoirí Contae a theacht chun cainte leis.

An lá a raibh an chuid againn atá sa gComhaontas Teicniúil istigh mheabhraigh an Bainisteoir dhúinn go raibh sé ag súil go bhféadfaí níos mó d'obair na Comhairle a dhéanamh feasta de réir ceantair, i.e na hoifigí áitiúla a neartú agus tuilleadh freagrachta a thabhairt do na cruinnithe ceantair a bhíonn ag na comhairleoirí go rialta.

Nuair a fuair mise cead cainte mhol mé go hard an dearcadh seo a bhí aige ach chuir mé i gcuimhne dhó freisin go dteastódh a dhul níos faide leis an scéal i gConamara - go bhfuil éileamh curtha chun cinn againn anois go mbeadh Comhairle dár gcuid féin againn sa taobh seo den chontae.

"Cá bhfios," a deirimse, "nach gcuirfeá féin isteach ar an bpost mar Bhainisteoir ar Chomhairle nua Chonamara nuair a bheas an post fógartha; fear mar thú a bhfuil ardcháilíochtaí agat agus Gaeilge líofa." "Cén chaoi a mbeadh an tuarastal?" ar seisean

agus aoibh an gháire air.

I nGaeilge a rinneadh an cómhra seo ach, ar ndóigh, níor dhearmad mé an chaint a rá arís i mBéarla le go dtuigfeadh na comhairleoirí ar fad a bhí i láthair céard a bhí ar bun againn. Mheabhraigh mé go maith dóibh freisin nach mise amháin atá ag cur an éilimh faoi Chomhairle Chonamara chun cinn - gurb é polasaí oifigiúil an Chomhaontais Teicniúil ar fad anois é.

Ag an gComhaontas Teicniúil seo atá móramh ar an

'Nuair a fuair mise cead cainte mhol mé go hard an dearcadh seo a bhí aige ach chuir mé i gcuimhne dhó freisin go dteastódh a dhul níos faide leis an scéal i gConamara - go bhfuil éileamh curtha chun cinn againn anois go mbeadh Comhairle dár gcuid féin againn sa taobh seo den chontae.'

gComhairle Contae faoi láthair. Is againn atá urlámhas ar na Coistí Pleanála dá réir. Tá na Comhairleoirí Neamhspleácha ann, fear Shinn Féin, fear an Lucht Oibre, agus lucht Fhine Gael.

Nuair a bhí na comhráití ar bun leis an gComhaontas Teicniúil a chur le chéile bhí deis againn ar fad ár gcuid pointí polasaí a chur chun cinn. Chúig phointe dhéag a bhí agamsa agus bhí an Chomhairle do Chonamara ar cheann acu. Bhí suim mhór agam a fháil amach cén glacadh a bheadh ag comhairleoirí as oirthear an chontae leis an éileamh sin.

Nuair is géire a bhí na comhráití ar bun le ceannas na Comhairle a shocrú tháinig beirt acu chomh fada liom anseo in Aill na Brún - fear as Fine Gael, Tiernan Walsh agus fear an Lucht Oibre, Colm Keaveney. Chuir mé mo chuid pointí polasaí ós a gcomhair agus muid suite cois na tine.

"Céard a déarfadh sibh le Comhairle faoi leith do Chonamara?" a d'fhiafraigh mé díobh. Ba é Tiernan Walsh ba tuisce a d'fhreagair. "Duine ar bith a thiocfadh anseo as an áit a bhfuil mise i mo chónaí thoir," a dúirt sé, "d'fheicfeadh sé lena shúile féin na difríochtaí móra atá idir oirthear agus iarthar an



chontae - two different countries altogether." Má thuigean Tiernan Walsh é níl baol ar bith nach dtuigean léitheoirí na hirise seo é!

Ná glacadh muid ach oiread leis an gcaint a bhíonn ag daoine áithrid (a) gur rud neamhghnách a bheadh sa gComhairle nua ná (b) go mbeadh Conamara ró-bheag. Tá dhá Chomhairle i dTiobraid Árann le fáda agus ní heol dom gur chuir sé aon bhac ar chúrsaí riaracháin ann. Ní lú ná sin a laghdaigh sé tacaíocht an phobail d'fhoireann iománaíochta Thiobrad Árann. (

Céard a cheapfadh lucht Rialtais faoi Chomhairle nua do Chonamara. Fear amháin acu a thug a thuairim go dtí seo - an tAire Éamon Ó Cúiv. Thug seisean freagra mion sa gConnacht Tribune ar na chúig phointe dhéag a chuir mé chun cinn leis an gComhaontas Teicniúil a bhunú. Is fiú an méid

Níl sé i bhfad blianta ó roinneadh Contae Bhleá Cliath ina chomhairlí éagsúla áitiúla. Ní dhearna sé aon dochar dóibh siúd ach oiread

a dúirt sé faoi Chomhairle Chonamara a ríomh arís.

"I am absolutely delighted that Seosamh Ó Cuaig has adopted my approach in relation to this matter, particularly in relation to an examination of the arrangements of Cork County Council. In relation to Údarás na Gaeltachta, I have received proposals in relation to the amendment of the Údarás na Gaeltachta Act from Údarás na Gaeltachta. I intend in the near future to initiate a public consultation process in relation to possible changes in the Act. I am firmly of the opinion that one cannot review the structures of Galway County Council and examine the issue of a possible separate Council for Conamara without also considering the future role of Údarás na Gaeltachta in the Gaeltacht areas."

Tá roinnt daoine saonta ann fós a déarfadh nach bhfuil ann ach aon Chontae na Gaillimhe amháin agus go gcaithfear dílseacht dó sin a chosaint!)

Níl sé i bhfad blianta ó roinneadh Contae Bhleá Cliath ina chomhairlí éagsúla áitiúla. Ní dhearna sé aon dochar dóibh siúd ach oiread.

Maidir le méid an cheantair is é an freagra is éifeachtaí air sin go bhfuil níos mó daoine ar liosta na vótóirí i gConamara ná mar atá (a) i gCo. Liatroma agus (b) i gceantar Chomhairle Contae Longfoirt.

Laillí Lamb de Buitleár ag comhrá le Máire Ní Chualáin faoina hathair, an tealaíontóir, Charles Lamb, agus faoi theaghlach Lamb

Oidhreacht Lamb

Ba as Port an Dúnáin m'athair agus ba é an duine ba shine de sheachtar é.

Bhíodh sé ag déanamh obair phrintíseachta in éineacht lena athair, ag deasú seanséipéal, ar dtús. Chaith sé ceithre bliana leis agus ansin cheap sé gur mhaith leis dul leis an dathadóireacht - ola nó uisce. Chuir sé isteach ar scoláireacht ón gColáiste Ealaíne i mBéal Feirste le dhul ag staidéar i mBaile Átha Cliath, agus fuair sé an scoláireacht sin i 1917.

Ag an am, bhí Baile Átha Cliath an-chorrach tar éis éirí amach 1916 agus níor thosaigh an cúrsa go dtí amach sa bhFómhar i 1917. Thaitnigh sé go mór leis agus bhí chuile dhuine ag réiteach le chéile. Fuair sé aithne ar go leor daoine. Ba dhuine an-réchúiseach a bhí ann agus bhí sé éasca aithne a chur air. Bhí sé go maith ag inseacht scéalta. D'fhan sé trí nó ceithre bliana i mBaile Átha Cliath agus ansin chuaigh sé go Conamara ar chuireadh a fuair sé ó Phádraic Ó Conaire. Chastáir ar a chéile sa Pearl Bar i mBaile Átha Cliath iad. Bhíodh Pádraic ag scríobh i *Scéala Éireann* ag an am. D'fhiafraigh sé de Phádraic lá éicint 'cén áit i gConamara a bhféadfainn dhul le go bhfeicfinn spéartha, mar níl tada thart anseo ach tithe agus ba mhaith liom radharcanna a dhathú.'

Bhuail sé leis, ar chuma ar bith, siar go Gaillimh ar an traein agus thug Pádraic amach go Conamara é. Tá mé ag ceapadh gur thart ar 1921 a bhí ann, samhradh 1921.

Bhuail sé amach go dtí an Cheathrú Rua agus thóg sé teachín beag ceann-tuí ar chíos ó mhuintir Sheoige ag an gcrosbhóthar san áit a bhfuil an seanbheairic anois. Bhí comhlúadar maith aige ansin agus bhí na gardaí (an R.I.C.) amach ar a aghaidh. Bhídís an-fhiosrach faoi cén fáth a raibh duine ón taobh ó thuaidh ag teacht anseo ag tógáil phictiúr. Bhíodh sé greannmhar freisin mar thagadh ealaíontóirí eile ar cuairt ar m'athair agus ar ndóigh bhídís ag béarlóireacht le chéile, agus bhí neart Béarla ag na gardaí seo agus d'éirigh go maith leo.

Fuair sé suíomh ansin le teach a thógáil ó Mháirtín Ó Domhnaill. Thosaigh sé ag tógáil an tí i 1933 agus thóg sé dhá bhliain orthu é a thógáil. Thug m'athair saorcloch anuas as ceantar Ard Mhacha - John Mór an t-ainm a bhí air - agus bhí mac aige, John Beag, a bhí ag déanamh a chuid printíseachta ag an am. Shocraigh John Mór go mbeadh muintir na háite ag obair in éindí leis. Tá fhios agam go raibh athair Pheadar Tommy ag obair ann agus cúpla duine as an Tismeáin chomh maith. Bhí daoine ann a tháinig aníos as an gCaorán Beag agus as Barr an Doire, thaitnigh sé go mór leo theacht agus foghlaim cén chaoi le clocha mar seo a bhriseadh agus coirnéil a chur orthu nó iad a dhéanamh cearnógach nó dronuilleogach, agus d'fhoghlaim siad freisin le clocha a ardú go barr tí. Inné go deireanach a bhí mé ag breathnú ar na clocha móra atá thuas ard ar an teach agus níl fhios agam beo cén chaoi ar chuir siad suas ann iad. Bhí fear anoir as na Foráí Maola, Michael Canning, agus

bhíodh seisean ag obair mar chúntóir don saorcloch, John Mór. Bhí sé ag tógáil an-fhada orthu an bhleisteáil a dhéanamh - mar caithfidh tú cuimhniú nach raibh aon leictreachas ann an uair sin. Chríochnaigh muintir na háite na cosáin agus na leacracha timpeall an tí nuair a d'imigh John Mór suas go dtí an 'north' mar a dúirt siad féin. Seo é an seomra oibre a bhíodh acu, an seomra seo a bhfuil muid ann, agus is anseo a rinneadh na fuinneoga uilig atá ar an teach. Ní raibh mise ach thart ar dhá bhliain nuair a bhí an teach á thógáil agus ba é Pádraic Chóil as an Rinn a dúirt go raibh an teach sách tógtha le mé fhéin agus Tina, mo leathchúpla, a ligean isteach ann agus tháinig muid isteach sa teach i 1935.

Rugadh mo mháthair sa mbliain 1900 agus tháinig sí go Baile Átha Cliath nuair a bhí sí ocht mbliana déag. Theastaigh uaithi tréadliacht a dhéanamh, ní raibh aon chead ag mná a bheith ag déanamh tada a bhain le leigheas ná le tréadliacht thall i Sasana. Chuir sí isteach ar agallamh agus chlis uirthi agus chuir sí ceist cén fáth agus dúirt siad nár mhaith leo mná bheith sa gcoláiste ach dá mba mhaith léi go bhféadfadh sí triail a bhaint as Baile Átha Cliath mar go raibh coláiste tréadliachta an-mhaith ansin agus go raibh siad 'sách craiceáilte thall ansin le rud ar bith a dhéanamh'. Thriail sí é agus tháinig sí anall agus chuir siad agallamh uirthi agus fuair siad amach nach raibh Laidin déanta aici agus b'éigean di cúrsa iomlán Laidine a dhéanamh taobh istigh de bhliain, rud a rinne sí, agus ba ise ansin an chéad bhean a tógadh



isteach sa gcoláiste. Bhíodh sí ag obair ar fheirm le linn an chogaidh nuair a bhí sí seacht mbliana déag agus bhí bean eile in éindí léi as Albain. Shocraigh an bheirt acu gur mhaith leo tréadliacht a dhéanamh. Bhí máthair na mná as Albain tinn ag an am agus níor éirigh léi teacht go hÉirinn le haghaidh an scrúdú a dhéanamh ag an am céanna le mo mháthair ach tháinig sí nuair a bhí mo mháthair sa dara bliain, agus ba ise an dara bean. Bhí an bheirt acu sa gcoláiste ag an am agus bhí ag éirí go maith leo. Bhí daoine cáiliúla sa gcoláiste in éineacht léi ag an am.

Casadh m'athair uirthi i mBaile Átha Cliath agus í ag siúl thart Faiche Stiabhna. Chonaic sí an taispeántas seo ar siúl sa Dublin Painters' Gallery, uimhir 7 Faiche Stiofáin. Chuaigh sí isteach tráthnóna Dé Sathairn agus casadh m'athair uirthi agus Kathleen Price. Bhí Kathleen mar rúnaí ann ag an am. Bhí sé gar do am dúnadh agus chaith sí uair ag caint leo agus d'fhiafraigh siad di ar mhaith léi dul ag ól deoch in éineacht leo, agus chaith siad cúpla uair an chloig le chéile agus

b'shin an chaoi ar casadh m'athair uirthi.

Phós siad i 1927 nuair a bhí a cuid scrúduithe faighte ag mo mháthair agus í cáilithe mar thréadlia, agus d'éirigh go han mhaith léi. Fuair sí an bonn óir agus d'éirigh níos fearr léi ná na lads agus thaitnigh sé sin léi! Bhí an teach beag ag m'athair thíos ar an mBóthar Buí agus isteach ansin a tháinig sí. Rugadh mo dheartháir John i 1928. Bhí carbhán agus capall ag mo mháthair. B'shin an córas taistil agus an córas tí a bhí aici. Thug a hathair carbhán di mar bhrontanas le theacht go hÉirinn agus bhíodh sí ina cónaí ann. Ba mhór an spórt é. Bhíodh sé maisithe go hálainn taobh amuigh agus taobh istigh. Chuaigh mo mháthair agus m'athair agus John, an naíonán, ar fud Chonamara agus amach go Maigh Eo. B'shin an córas taistil a bhí ag lucht leighis agus ag sagairt agus ag duine ar bith a raibh gá dhó bheith ag taisteal.

Rinne sí méid áirithe obair thréadliachta. Mar a dúirt mé, ní raibh mórán measa ar mhná ag déanamh aon obair a bhain le

dochtúireacht ná rudaí mar sin, ach bhí cumann i Sasana faoi Richard Martin, an Blue Cross Society, agus bhunaigh sí cumann beag acu sin thart anseo. Thug siad sin cineál deontas di le tosú agus bhí teach beag nó clinic aici agus choinníodh sí a cuid uirlisí leighis ansin. Tar éis píosa, ar aon nós, fuarthas amach go raibh a leithéid ann, 'dochtúir na mbeithigh' a thabharaidís uirthi. Thagaidís aniar as an Máimín, aniar sa gcurach go Caladh Thaidhg, agus anuas as Béal an Daingin agus aniar as Leitir Móir. Bhídís ag iarraidh uirthi dhul ag breathnú ar an mbó. Bhíodh capaill ag chuile dhuine an uair sin agus bhíodh trioblóidí acu leo, séideadh boilg ba mhó a bhíodh orthu. Aisteach go leor is mar gheall ar mhíchúram a tharlaíodh sé seo - b'fhéidir go mbídís amuigh ag iascach agus d'fhágaidís cliabh éisc sa scioból agus déaraidís 'ní íosfaidh an capall iasc'. Is é atá in ann é a ithe! Ní stopfaidh an capall go mbeidh chuile rud ite aige. Bhíodh a gcuid leigheasanna féin ag na daoine. Bhídís ag tabhairt luibheanna fiáine do na hainmhithe. Bhí sé an-deas go

raibh meas acu ar mo mháthair agus, de réir a chéile, mhéadaigh an méid oibre a bhí aici. Thagadh daoine aniar as Gorumina agus d'fheiceadh mo mháthair iad ag teacht agus pluid ar a ngualainn ag na fir di. Bhíodh sí go maith le hainmhithe agus bhí sí go maith mar mharcach. Bhíodh scéalta deasa aici faoi fhir na háite a bhíodh ag iarraidh í a íoc ar ais. B'fhéidir go dtagadh fear ag an doras le cáca nó im nó uibheacha. Sin é an chaoi a raibh an saol an t-am sin.

Maidir le m'athair, thosaigh sé le portráidí ag an gcoláiste. Bhíodh sé ag dathú na scoláirí eile nó na múinteoirí nó mná céile na bhfear a bhí á mhúineadh. Bhíodh cuid acu an-dathúil, mar shampla bean Maurice MacGonigle. Ansin nuair a tháinig sé go Conamara bhí sé tógtha ceart leis na seálta a bhíodh na mná a chaitheamh agus sa chaoi a raibh na fir gléasta leis na hataí agus na caipíní a chaithidís. Ba chuma cén obair a bhíodís a dhéanamh bhí sé in ann pictiúr a dhéanamh as. Fuair sé aithne an-mhaith ar chuid de na daoine a bhí ag obair ar an teach agus d'iarr sé ar ais ansin iad le go dtógfadh sé a gcuid pictiúr. Thógadh sé fear ar dtús agus dhéanadh sé an chuid is mó dá éadan ar feadh fiche nóiméad nó leathuair a chloig. Ansin déaradh sé 'an dtiocfaidh tú lá éicint eile agus an gcaithfidh tú na héadaí céanna atá ort inniu?' Dhéanadís dearmad glan air agus bhíodh rud éicint eile orthu! Bhíodh an báinín orthu go hiondúil. Chríochnaíodh sé an píosa sin agus thaispeánadh sé dóibh é agus bhíodís breá sásta.

Tá fear amháin a bhfuil mé ag cuimhniú air, Patch Sheáin Dan as an Rinn, agus dúirt Patch leis 'meastú cá mbeidh mé i mo shuí?' mar ní raibh tada le feiceáil ach a chuid guaillí agus a chuid lámha agus bhí bata siúil aige, agus sin é an rud a raibh m'athair ag iarraidh a dhéanamh - na lámha, na guaillí agus an chaoi a raibh sé ina shuí agus an chaoi a raibh an solas ag scaladh ar a éadan. An lá seo bhí Patch chomh fíorasach agus 'séard a

dúirt m'athair leis 'b'fhéidir go gcuirfinn isteach i gcairín asail fós thú!' Bhí rún aige bean as an mBóthar Buí, mamó Pheadar Tommy, Bideach, a thógáil. Thóg sé í agus chuir sé an bheirt acu ag suí le chéile i bpictiúr eile a rinne sé. Tá an pictiúr sin an-cháiliúil agus tá sé le feiceáil i ndánlann thíos i gCorcaigh. 'An Bheirt Chríonna' a thug sé ar an bpictiúr sin. Rinne sé an cleas céanna léi sin - thóg sé í ar dtús agus ansin chuir sé an seál uirthi an dara lá agus chríochnaigh sé na lámha ar an tríú lá agus an t-aprún beag a bhíodh uirthi. Ansin chuir sé an bheirt le chéile agus rinne sé pictiúr mór as an mbeirt acu. Cheannaigh duine éicint an chéad phictiúr, (an chéad sceitse), an lá cheana i mBaile Átha Cliath ar 39,000 euro. Bhí sé go hálainn. Ar ndóigh rinne sé sceitse de chuile rud beo a dhéanadh sé agus dá bhrí sin tá péire nó trí cinn de chuile phictiúr ann.

Tá ceann an-deas déanta aige de chéibh an tSruháin tógtha ón gcúinne thiar, ón mbóthar, ag breathnú soir. Feicfidh tú Ros a' Mhíl soir uait. Tá sé cinn déag de chrann bád le feiceáil ann. Tá an solas go hálainn ann agus bheadh fhios agat go díreach cén tráth den tráthnóna a rinne sé é, thart ar an sé a' chlog. Thaitnigh na portaigh go mór leis freisin. Is é an cleas a bhí ag m'athair ná go roinneadh sé an pictiúr ina thrí chuid - an portach a bheadh sa chéad tríú cuid agus an criathrach soir uait sa dara cuid agus ansin an spéir sa tríú cuid. Bhí tú in ann an t-am den lá a thomhais ó bheith ag breathnú ar an bpictiúr.

Chuaigh a chuid pictiúr go Meiriceá, go Los Angeles, Chicago, Boston, Nua Eabhrac agus San Francisco. Cheannaigh dánlann nó leabharlann nó dream a raibh airgead curtha i dtaisce acu le haghaidh ealaín as Éirinn iad agus roghnaíodh siad na pictiúir ag taispeántas a bhíodh in acadamaí i mBaile Átha Cliath uair sa mbliain.

Chuaigh pictiúir leis go Sasana freisin agus, ar ndóigh, d'fhan cuid in Éirinn.

Bhíodh na daoine uafásach fíorasach mar ní bhíodh fhios acu céard a bhíodh sé a dhéanamh. Shuíodh sé agus a dhroim aige leis an ngaoithe agus tar éis píosa chloiseadh sé gasúir ag sioscadh agus ag sciotaíl gháire. Bhíodh daoine ag fiafrú dó céard a bhíodh sé a dhéanamh agus bhíodh sé ag inseacht dóibh. Ní raibh aon Ghaeilge aige ach corr fhocal anseo 's ansiúd. Cheap na daoine go raibh sé ag déanamh an t-uafás airgid agus cheap siad go raibh muid an-saibhir mar gheall go raibh teach mór againn, ach bhí muid chuile rud ach saibhir! Bhíodh uaireanta ann nuair nach mbíodh m'athair in ann íoc as rudaí agus gheobhadh sé airgead óna dheartháir. Bhíodh taispeántais ag m'athair thuas i bPort an Dúnáin agus dhíoladh sé cuid de na pictiúr thuas ansin. B'shin an aisíoc a dhéanadh m'athair ar an airgead a fuair sé ar iasacht óna dheartháir. Sin an chaoi a raibh an saol, bhíodh na daoine ag babhtáil agus ní raibh aon náire ar dhaoine a leithéid a dhéanamh. Bhíodh sé fadradharcach agus bhíodh a fhios aige go dtiocfadh scéal maith uair éicint. Ach bhíodh mo mháthair uafásach imníoch agus bhínn in ann é a aithneachtáil ar a héadan go raibh imní uirthi faoi chúrsaí airgid.

Bhí stiúideo ag m'athair - tá sé ar chúl an tí - agus bhíodh sé ag múineadh mac léinn sa samhradh. Bhíodh siad ag fanacht sa teach againne. Ní bhíodh ann ach triúr ar a mhéid. Théidís amach ag tógáil radharcanna agus dá mbeadh laethanta baistí ann chuirfidís barr feabhais ar an bpictiúr a bhí tógtha acu an lá roimhe sin. Mhúineadh sé iad istigh sa stiúideo. Nuair a stop sé ag múineadh na mac léinn bhíodh taispeántais aige sa stiúideo ó thús mhí Meithimh go dtí Meán Fomhair agus thagadh daoine ar cuairt agus cheannadís pictiúir. Choinnigh mo mháthair an

stiúideo oscailte go dtí go bhfuair sí bás i 1978.

Bhí gairdín an-deas againn agus chuireadh muid a gcuid glasraí agus a gcuid luibheanna fhéin agus bhí torthaí againn. Bhí an saol go deas. Bhí mo mháthair go maith ag cócaireacht, cé nach raibh aon chócaireacht aici nuair a phós sí ar dtús. Bhíodh bean ag teacht isteach ag tabhairt chúnamh di agus bhíodh sí ag déanamh cácaí agus d'fhoghlaim mo mháthair le cácaí a dhéanamh freisin.

Maidir leis an gclann s'againne, rugadh mo dheartháir Peadar i 1929 agus bhí deirfiúr eile agam, Máire, a bhí dhá bhliain go leith níos sine ná mise agus Tina. Chuaigh mo dheartháir John, an duine ba shine, le hailtireacht. Bhí sé sách dian ar John mar fuair sé eitinn agus bhí sé mar scoláire anseo sa mbaile agus é ag cur a chuid oibre chun bealaigh go Londain. Ba cúrsa iontrála a bhí sé a dhéanamh le dul ag an gcoláiste, mar ní raibh an t-airgead againn lena chur chun coláiste. Fuair sé obair i mBord na Móna agus d'éirigh leis fáil isteach san ailtireacht ar an gcaoi sin. Bhí an t-ádh ar Pheadar mar fuair sé scoláireacht go Coláiste Éanna i nGaillimh agus ansin go dtí Coláiste Phádraic i mBaile Átha Cliath. Maidir le Mary, níor éirigh léi scoláireacht a fháil. Fuair sí isteach go Cnoc Sion ar chúrsa agus níl fhios agam cén chaoi a raibh airgead againn le n-íoc aisti, ach bhí an cogadh thart ag an am sin agus bhí m'athair ag díol pictiúr. Le linn an chogaidh, níor dhíol sé oiread agus pictiúr amháin fhéin. An méid is lú a gheobhadh sé ar phictiúr ná £5 agus an méid is mó ná dhá scór punt. Bhíodh an pictiúr sin a bhíodh dhá scór punt an-mhór agus bhíodh air a bheith ag seasamh nuair a bhíodh sé á dhéanamh agus bhíodh air ceithre choscéim a thógáil ó thaobh amháin den phictiúr go dtí an taobh eile.

Ansin bhí mise agus mo chúpla, Tina, ann. Fuair sise bás le

hepatitis. Ba ise an chéad duine a fuair hepatitis i gContae na Gaillimhe agus ní raibh fhios ag na dochtúirí aon rud faoi agus cailleadh í an-tobann, tar éis trí seachtainí, ní raibh sí ach ocht mbliana d'aois. Choinnigh mise orm liom fhéin. D'airigh mé uaim go mór í. Chuaigh mé ag an *tech* ansin, an cheard scoil, agus bhí múinteoirí iontacha ann, Piaras Ó Conaire agus a bhean Bríd. Chuaigh mé ar aghaidh ansin go Coláiste Loretto ar Fhaiche Stiabhna. Chaith mé trí bliana sa gcoláiste sin, coláiste Gaeilge. Bhí an cogadh ar siúl an t-am sin agus bhí rudaí an-dian sna scoileanna agus dá mbeadh múinteoirí tinn nó ag tógáil saoire de bharr breith linbh, ní chuirfí aon mhúinteoir eile ina n-áit. Dá bhrí sin, cheap mé nach raibh mé ag foghlaim tada ag an scoil agus bhí mo chuid Gaeilge ag sleamhnú uaim uafásach scioptha. Dúirt mé le m'athair go raibh mé ag iarraidh dul ar ais arís go dtí an *tech* agus lig sé cead dom é sin a dhéanamh. 'Meastú bhfuil aon seans go bhféadfá scoláireacht a fháil?' a d'fhiafraigh sé díom agus dúirt mise leis go dtriailfinn sin a dhéanamh. Fuair mé scoláireacht ón gCeathrú Rua go Cathal Brugha ag déanamh cúrsa bainistíocht tithe ósta. Chaith mé ceithre bliana ag obair i dtithe ósta ansin, tar éis dom a bheith críochnaithe i gCathal Brugha agus phós mé i 1957.

Sé an chaoi ar chas mé fhéin agus m'fhear céile, Éamon de Buitleár, ar a chéile ná go raibh cailín anseo sa gCeathrú Rua ag foghlaim Gaeilge agus í ag fanacht i dtigh John McKeown. Cáit Breathnach ab ainm di agus bhí deartháir aici, Diarmuid, a bhí cairdiúil le hÉamon. Dúirt sise liom 'cuirfidh mé thú in aithne do Éamon nuair a gheobhas tú an scoláireacht sin go Cathal Brugha.' Fuair mé an scoláireacht agus cuireadh Éamon in aithne dom agus tá muid mór le chéile ó shin! Bhí cúigear gasúr againn, triúr cailíní agus beirt bhuachaillí.

Aisteach go leor, ní dheachaigh

aon duine againn leis an ealaín, mar níor mhol m'athair dhúinn ealaín a dhéanamh mar shlí bheatha. Bhíodh sé ag rá é a dhéanamh mar ábhar ag an scoil agus go mbainfeadh muid an-sult as 'ach ní dhéanfaidh tú aon airgead as go brách,' a deireadh sé. Rinne John ailtireacht agus b'shin an rud ba ghairne don ealaín. Bhí Peadar cáilithe mar mhúinteoir scoile ach chuaigh sé leis an drámaíocht sa Taibhdhearc. Dúirt Micheál Mac Liamóir gur cheart dó a bheith in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath agus shocraigh sé go gcuirfeadh an Seabhadh agallamh air. Tháinig Peadar aníos as an gCeathrú Rua agus bhí sé trí huair an chloig faoi agallamh agus d'éirigh leis. Bhí sé ag múineadh sa Tuairín ag an am. D'fhág sé an mhúinteoireacht agus an Tuairín agus chuaigh sé go Baile Átha Cliath le dhul ag aisteoireacht agus tá sé leis ó shin.

Ba é Ford Maddox Ford mo sheanathair agus níl an oiread sin eolais agam faoi mar d'fhág sé an chlann nuair a bhí mo mháthar sé bliana déag. Ba scríbhneoir cáiliúil agus léachtóir a bhí ann agus fuair sé post i Meiriceá. Ar ndóigh, bhíodh cailíní óga timpeall air agus bhíodh sé ag titim i ngrá le duine acu uair sa tseachtain! Bhí a bhean fhéin agus mo mháthair sa mbaile agus bhí an t-aon duine eile sa gclann, deirfiúr mo mháthair, tar éis dul sna mná rialta. Bhí an ceangal idir iad, thriail sé colscaradh a fháil ach ní réiteodh mo mhamó leis faoi agus, dá bhrí sin ní raibh cead aige aon bhean eile a phósadh. Bhí cúigear ban ar fad aige. Ní raibh fhios againne aon rud faoi seo nuair a bhí muid ag éirí aníos mar ní labhraíodh mo mháthair faoi. Bhíodh éad agus brón uirthi faoi. De réir a chéile bhí cáil ag teacht ar a chuid scríbhneoireachta agus scríobh sé go leor. Tá ceann dhá chuid leabhar ar shiolabas an chúrsa ealaíne anseo in Éirinn agus tá an-cháil air i Meiriceá.

Pleanáil agus Teanga i nGaeltacht Chonamara

Donncha Ó hÉallaithe



Cúlra:

Ó Bhealtaine 2003 tá iarratais phleanála i gConamara á meas de réir an Phlean Forbartha nua. Sa Phlean Forbartha 2003-2009, tá polasaí raidiciúil leagtha síos faoi chosaint na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tharraing na míreanna faoin nGaeilge sa Phlean Forbartha go leor cainte, cruinnithe, achrainn agus conspóide ag an am. Tar éis cur agus cúiteamh go leor, ghlac Comhairleoirí Contae leis an bpolasaí nua, a deireann go bhfuil sé i gceist cead pleanála a thabhairt sa Ghaeltacht "with special consideration to Irish speaking applicantsand by imposing conditions in granting such permissions which will ensure the stabilisation and the promotion of Irish as a community language." (Alt 10.3) Tá sé ráite chomh maith go mbreathnófar go fabharach ar iarratais phleanála ar thithe a thógáil sa Ghaeltacht do chainteoirí dúchais Gaeilge agus do lánúineacha le Gaeilge atá ag iarraidh bogadh go ceantar a bhfuil Gaeilge á labhairt ann. Athrú suntasach é seo ar an bpolasaí a bhíodh ann roimhe sin.

Dá réir sin is buntáiste mór é do dhuine atá ag cuardach cead pleanála le teach aonair a thógáil sa Ghaeltacht, go mbeidís in ann a rá go bhfuil Gaeilge líofa acu. Iarrtar ar dhaoine atá ag

déanamh iarratais phleanála cur síos a dhéanamh ar chumas Gaeilge gach duine sa teaghlach, mar chuid den phróiseas. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil sé níos éasca do dhaoine le Gaeilge, cead pleanála a fháil i nGaeltacht Chonamara ó tháinig an Plean Forbartha nua i bhfeidhm.

Ar ndóigh níl Comhairle Chontae na Gaillimhe ach ag gníomhú de réir an dlí, a leagann dualgas ar gach Comhairle Contae, a bhfuil ceantar Ghaeltachta faoina cúram féachaint chuige go mbeidh cosaint "oidhreacht teanga na Gaeltachta" mar chuspóir ag an gcóras pleanála. [Alt 10.2(m) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000]. Is mar thoradh ar stocaireacht a rinne Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, le linn don Bhille Pleanála a bheith os comhair an Oireachtais, a tugadh an t-aitheantas reachtúil do chosaint na Gaeilge faoin gcóras pleanála don chéad uair riamh. Roimhe sin bhíodh leisce ar an gComhairle Contae, iarratas a dhiúltú sa Ghaeltacht, ar chúinsí teanga.

Polasaí á chur i bhfeidhm:

Tá sé éasca polasaí a chur ar pháir. An polasaí a chur i bhfeidhm, sin rud eile. Céard atá ag tarlú? Tugadh cead pleanála do John Foye, i mí na Nollag seo caite le árasáin a dhéanamh ar an

Spidéal ach an coinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

"Prior to the commencement of the development, the applicant shall enter into a legal agreement with the planning authority, the purpose of which shall be to restrict or regulate the residential elements of the development here permitted for the exclusive use of occupants who have an appropriate competence/fluency in the Irish language. Details of the standard of Irish to be achieved and methods of evaluating same shall be agreed in writing with the planning authority prior to the finalisation of the legal agreement here conditioned." [Liomsa an bheim]

Glacadh leis gur daoine le Gaeilge amháin a chaithfeadh a bheith ina gcónaí sna hárasáin ar fad a thógfaí faoin gcoinníoll teanga. Ach ní mar sin atá. Sé an socrú dlí a rinneadh nach mbeadh ach 18 de na 29 árasán ar fáil do dhaoine le Gaeilge líofa ar feadh tréimhse 10 mbliana. Tá na hárasáin, á dtógáil faoi láthair agus fógraithe le díol faoin ainm "Bruach na hAbhann".

I Mí Meithimh ar imeall an Spidéil tugadh cead do Hyberg Development scéim 17 teach a thógáil ag ceann an bhóthair i mBothúna. Tá an coinníoll céanna teanga ceangailte leis an gcead, is é sin go gcaithfí teacht ar shocrú dlí leis an gComhairle Contae lena chinntiú gur le

haghaidh "the exclusive use of occupants who have an appropriate competence/fluency in the Irish language" a bheadh na tithe á dtógáil. Ach níl na forbróirí sásta glacadh leis an gcoinníoll teanga agus tá achomharc déanta acu ag iarraidh ar an mBord Pleanála an coinníoll teanga a chur ar ceal ar fad. Ar an taobh eile den scéal tá grúpa daoine i mBothúna ag gearán leis an mBord Pleanála nach bhfuil an coinníoll teanga sách láidir. San achomharc cuimsitheach atá déanta ag grúpa Bhothúna deirtear nach leor an coinníoll teanga leis an nGaeilge a chosaint mar theanga pobail sa Spidéal agus sa gceantar máguaird, i bhfianaise an socrú dlí a rinne an Chomhairle Contae le John Foye i gcás árasán Bhruach na hAbhann. Beidh spéis faoi leith sa gcás seo, mar go soiléireofar an dearcadh an Bhord Pleanála faoi chosaint na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Anuas ar sin tá dhá chás eile speisiúil os comhair an Bhord Pleanála i láthair na huaire. Le déanaí ceanglaíodh an coinníoll céanna teanga le cead pleanála a tugadh don fhear ghnó Micheal Hughes le roinnt árasán a thógáil i mBaile Chláir na Gaillimhe. Cé go bhfuil Baile Chláir ina shráidbhaile Gaeltachta de réir na mapáí, níl de réir critéir teanga. Go deimhin léiríonn torthaí Daonáireamh 2002, gur mó Gaeilge a labhartaí in Órán Mór ná mar a labhartaí i mBaile Chláir. Ar ndóigh níl aitheantas Gaeltachta ag Órán Mór agus déarfadh daoine - mé féin ina measc - nár cheart go mbeadh ag Baile Chláir ach oiread. Mar sin féin tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leagair an choinníll céanna teanga i mBaile an Chláir le cosaint a thabhairt do theanga nach labhartaí ann is a leagtar síos sa gCeathrú Rua. Ní iontas ar bith go bhfuil Michael

Hughes ag déanamh achomhairc chug an mBord Pleanála in aghaidh na seafóide seo. Go néirí leis!

Cás eile atá os comhair Bhord Pleanála ná cead a tugadh do Tom Burke siopaí agus árasáin a thógáil sna Forbacha. Leis an gcead a tugadh tá an coinníoll céanna teanga, is é sin go gcaithfí socrú dlí a dhéanamh leis an gComhairle Chontae "to restrict or regulate the residential elements of the development for the exclusive use of occupants who have an appropriate competence/fluency in the Irish language". Tá achomharc déanta in aghaidh na forbartha seo ag Páid Ó Donnchú. San aighneacht a chuir sé os comhair an Bhord Pleanála, deireann sé go bhfuil todhchaí Na bhForbacha mar phobal Gaeltachta idir dhá cheann na meá agus go bhfuil an chontúirt ann go bhféadfadh Na Forbacha aitheantas Gaeltachta a chailliúint, má cheadaítear breis forbairtí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do labhairt na Gaeilge sa gceantar.

Tionchar na Scéimeanna ar úsáid na Gaeilge:

Tá dochar mór déanta cheana i gceantar an Spidéil d'úsáid na Gaeilge ag scéimeanna tithíochta a tógadh ann le blianta beaga anuas. Thit líon na dteaghlach sa Spidéal a fhaigheann Deontas Iomlán Labhairt na Gaeilge, ó 67 i 1991 go 45 i 2001, in ainneoin an méadú a tháinig ar líon na dteaghlach le páistí scoile sa gceantar.

In aighneacht a chuir Glór na nGael, An Spidéal os comhair na Comhairle Contae maidir le forbairtí sa Spidéal bhí an méid seo a leanas ráite:

"Tá fianaise láidir ann maidir leis na scéimeanna tithíochta a tógadh sa Spidéal le tamall anuas, gur chuir siad leis an méid Béarla atá á labhairt sa Spidéal, mar gur daoine nach raibh cúlra Gaeilge ná

Gaeltachta acu a cheannaigh bunáite na dtithe sna scéimeanna sin. Má cheadaítear tuilleadh scéimeanna tithíochta sa Spidéal, tá an-chontúirt ann go bhféadfaí scrios a dhéanamh ar an nGaeilge sa gceantar."

"Bíonn gá le nuacht i chuile phobal, saibhríonn daoine nua an pobal, tugann siad scileanna nua agus dearcadh nua chun na háite. Go dtí le déanaí, bhí an pobal s'againn féin in ann teaghlaigh nua a shú isteach sa bpobal ar an leibhéal gairmiúil, sóisialta agus pobail, agus é sin a dhéanamh go fonnmhar. Beidh sé i bhfad níos deacra ag an bpobal an saibhreacht teanga agus cultúir atá sa bpobal seo fós a roinnt leis na teaghlaigh agus daoine aonair nua isteach má thagann méadú suntasach tobann ar líon na ndaoine ar Béarla amháin atá acu, ag cur fúthu anseo."

Gaeltachtaí Eile:

Tá daoine i nGaeltachtaí eile ag faire ar Ghaillimh agus an bealach a bhfuil an cheist á réiteach ansin. Beidh go leor ag brath ar na cásanna atá os comhair an Bhord Pleanála faoi láthair. Ceaptar go bhfógrófar taobh istigh de dhá mhí an toradh a bheidh ar na hachomhairc a cuireadh os comhair an Bhord Phleanála, maidir leis an gcoinníoll teanga.

Co na Mí an t-aon Udarás Pleanála, seachas Co na Gaillimhe, a thóg seasamh láidir faoin nGaeilge go dtí seo. I nGaeltacht Ráth Cairn ní thugtar cead pleanála d'fhorbairtí a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar úsáid na Gaeilge sa gceantar.

I nGaeltacht na Rinne tá dochar an-mhór déanta ag scéimeanna tithíochta a tógadh le roinnt bheag blianta anuas ar staid na Gaeilge sa gceantar. Sheas Roinn na Gaeltachta agus Udarás na Gaeltachta siar agus lig siad do Chomhairle Chontae Phort Láirge na scéimeanna

tithíochta a cheadú thar na mblianta agus scrios a dhéanamh ar phobal beag Gaeltachta, a bhí faoi bhrú mór cheana féin.

Tá an rud céanna ag tarlú i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Tá ráiteas tionchar teanga iarrtha ar fhorbróir i mBaile an Fheirtéaraigh, atá ag iarraidh cead 19 teach a dhéanamh. Seo é an chéad uair a hiarradh a leithéid i gCiarraí. Is dul chun cinn beag é sin.

I nDún na nGall tá tús curtha leis an bpróiseas le Plean Forbartha nua a chur le chéile agus is ceist bheo í, ar cheart na coinníollacha teanga céanna a bheith le scéimeanna tithe a thógfar sa Ghaeltacht.

I gCo. Chorcaí agus i gCo. Mhaigh Eo tá pleananna nua i bhfeidhm ach níl mórán airde tugtha iontu do cheist na Gaeilge beag ná mór.

Cás na Breatnaise:

Ach an oiread le cas na Gaeilge sa bhFíorghaeltacht, tá brú leanúnach ar an mBreatnais mar theanga pobail, ó dhaoine aonteangach ag lonnnú i mBroydd Cymraeg (na ceantracha ina labhartar Breatnais mar theanga pobail.) Tá an eagraíocht nua Cymuned i mbun feachtais le 3 bliana anuas, ag iarraidh an chóilíniú a stopadh nó ar a laghad é a mhoilliú. Uaireanta cuireann siad picéad ar oifig ceantálaithe. Uaireanta eile labhrann siad go deas múinte leis na daoine a bhogann isteach agus tugann siad cuireadh dóibh freastal ar ranganna Breatnaise. Ach níl siad in ann mórán eile a dhéanamh, mar go dtí seo ní féidir sa Bhreatain Bheag usáid a bhaint as an bpróiseas pleanála, le breathnú níos fabhraí ar iarratas pleanála ó Bhreatnaiseoir.

Ceist Chonspóideach ach Ceist Thábhachtach:

Is ceist chonspóideach í seo, ceist na Gaeilge agus

coinníollacha teanga. Ar thaobh amháin tá grúpaí Gaeilge agus Gaeltachta atá imníoch faoi thodhchaí na Gaeilge atá ag iarraidh go mbeadh coinníoll teanga réadúil agus infheidhme á cheangal le cead pleanála. Ar an taobh eile tá Fóram do Phobal Iorras Aithneach in aghaidh coinníollacha teanga ar eagla go gcuirfidís srian le forbairt tithíochta sa gceantar sin agus go bhféadfadh meath teacht ar an bpobal dá bharr. Tá sé ráite ag an iriseoir Máirtín Ó Catháin go bhfuil inmharthanacht a phobail féin á chur i mbaol ag beartais atá ceaptha an Ghaeilge a chosaint mar theanga pobail sa nGaeltacht. Ní chreidim é sin ach is dearcadh é ar fiú díospóireacht a dhéanamh faoi, féachaint an bhféadfaí teacht ar chomhthuiscint.

Tá imirceoirí ann a bhfuil sé tugtha le tuiscint dóibh nach mbeidh cead acu teacht abhaile de bharr na rialacha seo, rud nach bhfuil fíor. Ach tá siad á usáid ag lucht díolta talún, le brú a chur ar pholaiteoirí neamhaird a dhéanamh den teanga.

Go luath beidh ar na comhairleoirí a toghadh i Meitheamh seo caite,

athbhreithniú a dheánamh ar Phlean Forbartha an Chontae. Beidh brú ag teacht orthu ó cheantálaithe agus ó thógálaithe agus lucht díolta suíomh - faitíos orthu nach mbeidh dóthain brabaigh á dhéanamh acu, má íslítear praghsanna suíomh. Ach má íslítear, nach rud maith a bheidh ansin do na daoine ón gceantar atá ag iarraidh teach a thógáil sa mbaile, ach nach féidir faoi láthair mar go bhfuil praghas na suíomh ró-ard? Is faoi na polaiteoirí a bheidh sé a shocrú cé is tábhachtaí - saint na rachmasóirí atá ag iarraidh an praghas is airde a fháisceadh as na suíomh atá acu nó cosaint na Gaeilge mar chuid bheo d'oidhreacht Chonamara, d'oidhreacht na Gaillimhe agus d'oidhreacht na hÉireann.

Is léachtóir Matamaitice sa GMIT é Donncha Ó hÉallaithe, a bhfuil taighde déanta aige le blianta beaga anuas ar staid na Gaeilge mar theanga labhartha sna pobail éagsúla Gaeltachta. Tá sé ina Chomhordaitheoir ar an eagraíocht nua "Cosaint na Gaeltachta", a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith ag faire ar chúrsaí pleanála sna ceantracha Gaeltachta ina bhfuil Gaeilge fós á labhairt.

Mar a Caitheadh na Vótaí i dToghchán an Chomhairle Chontae - tábla trasna

Toghadh Comhairle Chontae nua mí Meithimh seo caite. As an seachtar a toghadh do cheantar Chonamara bhí ceathrar nua ina measc - Seán Ó Tuairisg (FF); Seosamh Ó Cuaig (Neamhspléach); Seán Kyne (FG); agus Tom Welby (PD).

Athoghadh Séamas Walsh (Neamhspléach); Connie Ní Fhatharta (FF) agus Josie Conneely (FF). Tugtar sa tábla le seo briseadh síos ar na vótaí a caitheadh sna hionaid vótála Ghaeltachta. Tá iomlán na vótaí a fuair na iarrthóirí níos mó ná an tiomlán a theaspáintear anseo, mar nach bhfuil na vótaí a caitheadh i dTuaisceart Chonamara curtha san áireamh agam. Tá na figiúirí bunaithe ar 'tallies' a rinne na páirtithe polaitíochta le linn an chomhairlimh.

Ar ndóigh, dá bhfaighfeadh an tAire Martin Cullen cead a chinn maidir le vótaí leictreonach a tabhairt isteach, ní bheadh an mionolas seo againn agus is

boichte a bheadh an córas daonlathais dá bharr.

De ghnáth bíonn an figiúr tally níos ísle de bheagán ar an bhfíor vóta, mar nach mbíonn gach vóta i ngach bosca a seiceáil curtha sa tally agus ní bhíonn na vótaí poist san áireamh ach an oiread. Bhí an tally i dtoghcheantar Chonamara an cruinn go deo, gan mórán de dhifríocht idir é agus an vóta iomlán ag an deire. B'é Séamas Walsh is mó a fuair vótaí. Thug an tally 1484 vóta dó sa toghcheantar ar fad. 1511 an vóta a fuair sé -difríocht de 2%. Ní mórán é sin.

Tá mé buíoch don na fir is na mná 'tally' óna páirtithe éagsúla a choinnigh cuntas ar na vótaí agus na boscaí á oscailt. Gur fada iad i mbun a gcuid oibre. B'lochas chomh maith do oifig Éamonn Uí Chúig a chuir an bun eolas ar fáil, le go bhféadfaí an tábla a chur le chéile. **Donncha Ó hÉallaithe.**

	Conboy (FG)	Conneely (FF)	Conroy (SF)	Cualig (Nspl.)	Curraoin (SFP)	Gavin (Nspl.)	Joyce (Nspl.)	Kyne (FG)	Mannion-Mullen (FG)	Mulcahy (Glas)	Ní Fhatharta (FF)	O Briain (FF)	O Clochartaigh (LO)	O Lorc ain (PD)	O Mailey (FF)	O Tuairisg (FF)	Uí Ráighne (FG)	Walsh Ml. (FF)	Walsh S. (Nspl.)	Welby (PD)	Iomlán
Caladh na Muc	0	2	1	2	4	61	0	13	0	9	1	0	5	1	32	0	0	2	38	29	200
Cill Ainnín	1	2	7	3	8	78	0	115	12	11	0	0	11	2	105	4	0	0	90	131	580
Tch Uí Chadhain	0	1	8	0	2	14	0	51	0	18	0	0	4	0	25	0	0	1	62	31	217
Maigh Cuilinn 1	4	5	14	2	28	151	1	160	1	41	7	6	29	7	84	7	0	1	85	29	660
Maigh Cuilinn 2	2	13	14	4	9	163	0	162	2	52	2	6	29	5	60	4	0	7	63	19	616
Beama 1	2	5	2	13	166	6	0	14	3	20	22	0	11	16	21	22	5	0	26	18	372
Beama 2	7	2	1	4	152	4	0	20	3	29	26	1	12	9	10	8	6	0	20	18	332
Buaile Beag	1	3	6	2	69	12	0	6	4	9	5	3	8	6	31	12	0	2	6	10	195
Páirc na Sceiche	1	5	8	3	28	51	0	56	3	9	3	2	13	3	37	2	1	2	22	31	280
Na Forbacha	2	4	5	25	227	8	0	11	5	13	38	1	41	16	11	38	4	1	40	7	495
Leamhchoill	0	0	0	1	1	20	0	23	0	0	3	0	0	0	10	12	0	0	12	14	96
An Spidéal 1	0	10	2	57	68	4	0	4	3	16	56	5	62	18	12	135	51	3	33	7	546
An Spidéal 2	2	2	18	43	104	22	0	9	1	20	50	9	44	9	39	77	13	2	48	1	513
Baile Nua	0	2	6	30	5	101	1	25	1	5	1	0	13	3	26	0	0	3	41	13	276
Doire Gleanna	0	2	2	0	0	4	0	12	0	0	1	0	4	0	17	1	0	0	34	46	123
Sailearna 1	1	5	0	54	15	2	0	2	1	1	20	0	16	7	0	75	12	0	10	3	224
Sailearna 2	1	0	9	69	15	3	1	0	3	0	21	4	24	7	0	93	15	0	8	1	274
An Tulach	0	0	4	55	14	2	0	2	1	1	50	0	14	38	2	87	8	1	41	0	318
Ros a' Mhíl	0	1	3	19	9	0	0	0	3	0	66	0	8	98	0	35	4	0	42	7	295
Cheathrú Rua 1	1	1	4	79	11	0	1	2	1	1	81	1	23	38	4	6	10	1	14	1	280
Cheathrú Rua 2	1	1	11	51	10	0	0	1	4	1	135	0	26	38	2	7	10	1	27	0	326
Cheathrú Rua 3	4	1	4	44	8	0	0	1	1	1	92	6	54	45	0	9	5	1	33	0	309
Tuairín	0	2	1	15	7	0	0	0	2	1	57	2	9	33	0	25	15	0	19	0	188
Leitir Mór	0	1	9	49	15	1	0	3	1	2	98	1	24	29	0	9	29	0	18	0	289
Leitir Mealláin	0	0	1	9	3	0	0	0	0	0	10	0	2	6	0	9	123	0	20	0	183
Tír an Fhia 1	1	1	6	34	21	1	0	3	0	1	60	1	2	20	0	15	51	2	34	1	254
Tír an Fhia 2	4	0	0	14	5	0	0	15	0	0	69	0	7	0	1	6	57	0	22	0	200
Camus	0	0	4	20	11	0	0	0	0	0	41	3	3	18	3	24	0	3	37	3	170
Turlach Beag	0	2	2	92	4	0	0	6	0	2	12	12	2	3	0	11	1	1	25	3	178
Loch Con Aortha	0	2	1	46	1	1	5	2	1	1	0	40	7	2	1	4	0	0	3	0	117
Ard Mór	0	2	6	154	4	0	0	0	6	2	16	84	22	8	0	12	0	0	1	1	318
Carna	0	7	2	108	1	1	3	0	14	0	25	25	7	4	0	10	3	1	8	2	221
Aird Thiar	4	13	8	82	2	0	1	1	6	2	17	12	5	1	0	10	6	0	3	2	175
Caiseal	1	48	2	14	0	0	3	2	33	3	5	17	0	4	8	7	1	5	12	18	183
Cloch na Rón	7	100	15	9	0	0	3	2	76	1	0	6	0	1	4	5	0	8	14	14	265
Sraith Salach	1	27	3	5	4	0	2	1	52	1	4	2	2	0	5	14	1	7	44	26	201
Tír na Cille	11	1	2	2	0	0	2	10	6	10	2	0	3	1	20	32	1	32	4	18	157
Cloch Breac	0	1	2	2	0	0	0	0	1	2	2	0	2	0	2	69	1	26	4	2	116
Corr na Móna	5	1	8	0	3	0	0	5	9	1	0	0	1	0	9	190	1	77	5	6	321
An Fhairche	2	0	5	0	0	1	2	5	16	1	0	1	2	2	1	58	1	180	18	9	304
Conga	1	0	2	1	0	0	0	2	0	2	1	0	1	1	1	8	0	145	8	2	175
Cill Rónáin	4	9	8	12	2	2	1	2	1	8	35	1	5	4	2	44	5	1	16	0	162
Fear na Coir	0	7	6	23	3	0	0	0	1	3	19	0	2	4	3	55	1	2	16	1	146
Inis Meáin	0	2	3	10	0	0	0	0	0	0	28	0	0	16	1	33	0	0	1	0	94
Inis Oirr	0	9	6	18	2	3	0	1	6	7	34	0	1	6	0	22	0	0	0	1	116
Iomlán	70	288	209	1256	1023	560	26	569	265	262	1178	251	539	518	427	1280	441	515	937	333	10947
%	0.6	2.6	1.9	11.5	9.35	5.1	0.2	5.2	2.4	2.4	11	2.3	4.9	4.7	3.9	12	4	4.7	8.56	3	100

Teach Ósta Uí Fhlatharta nó Tigh Khit

Scríofa ag Meta Uí Mháille

Ba mhór i gceist ag an seandream agus iad ag caint ar laethanta aonaigh, Tigh Pheter William. Is ann a buaileadh smugairle ar bhois is an margadh déanta agus is ann a hóladh an *luckpenny*.

Is maith an scaitheamh blianta anois ó bhí aonach i nDoire Né ach ní shin le rá nach bhfuil tarraingt daoine i gcónaí Tigh Khit, mar a fuair mé amach an tráthnóna bog báistí a bhuail mé isteach i mí Lúnasa le labhairt le Kit faoi na blianta atá caite aici i mbun gnó ansin. Bhí slua maith istigh ann agus daoine ag teacht is ag imeacht, ach bhí sí flaithiúil lena cuid ama agus í ag cur síos dom mar a bhí an saol nuair a tháinig sise go Doire Né ar dtús - agus ar an athrú atá tagtha le imeacht na mblianta.

Chonaic sí an t-am a raibh mná liobrálacha a d'óladh piontaí pórtair lá aonaigh (ag am nach dtéadh mná isteach i bpubanna) cé nárbh iad mná Chonamara iad is cosúil, i bhfad sul má cloiseadh caint ar Womens Lib, ná ar chearta ban.

An chéad cheist a chuir mé ar Khit ná cén uair a d'oscail an áit seo ar dtús?

Kit: In 1830 a d'oscail sé, tá sé scríofa ansin amuigh ar bhinn an tí. Anuas as Camus a tháinig William Ó Flatharta, Flathartaigh Chamuis. Is

dócha go bé Cólman Chuimín an gaol ba gaire dhó, Paitín Johnny, bhí gaol aige leis.

Meta: Cé as dhuit fhéin ó thús.

Kit: Fleming an sloinne a bhí orm roimh pósadh agus rugadh i gClár Chlainne Mhuiris i gCo. Mhaigh Eo mé. Tháinig mé go Gaillimh i 1946, bhí mé ar scoil i nGaillimh. Bhí an Western i bProspect Hill againn, tá sé sin againn i gcónaí. Sí mo dheirfiúr atá dhá rith anois. Tháinig mé amach anseo i 1952, agus tá mé anseo ó shin.

Meta: Cén chaoi ar casadh John Pheter William ort?

Kit: Ó istigh sa mbaile, istigh sa mbeár a casadh orm é - agus tá mé anseo le caoga dó bliain anois ó Meitheamh seo caite. Bhásaigh John i 1957.

Meta: Nach raibh teach lóistín anseo agat freisin?

Kit: Bhíodh mé ag déanamh B&B, dinnéir agus chuile rud. D'éirigh mé as sin ach tá mé ag déanamh tae agus *sandwiches* agus rudaí mar sin i gcónaí.

Meta: Cé mhéid clainne a bhí agaibh?

Kit: Beirt, Peter agus Mary. Tá Mary pósta thuas i Newbridge agus tá Peter i mbun an ghnó anseo.

Meta: Cé na blianta ar thosaigh na turasóirí ag teacht go Conamara?

Kit: Sna *sixties*, sea, deireadh na

60aidí tá mé a cheapadh, ach tá siad imithe aríst. Bhí anuraidh go dona ach bhí i mbliana níos measa ná aon bhliain ó tháinig mise go Doire Né. Níl deoraí thart.

Meta: Nuair a thosaigh tusa anseo i dtosach an iad muintir na háite is mó a bhíodh isteach?


Kit: Siad, ach ní bhíodh mórán ann ach laethanta aonaigh. Bhíodh lá aonaigh an-*bhusy* agus lá na cúirte ansin lá arna mháireach, bhíodh muid an-ghnóthach an lá sin freisin.

Meta: Inis dhom faoi na laethanta aonaigh.

Kit: Ó bhíodh slua uafásach ann. Bhíodh siad anoir is aniar ann, aníos is anuas as chuile áit agus go sábhála Mac Dé sinn, bhíodh beithígh leath bealaigh siar Cladhnach. Bhíodh siad soir taobh thoir den chéibh agus amach beagnach chomh fada leis an áit a bhfuil na monarchana anois. Bhíodh caoirigh ann freisin agus muca. Uair sa mí a bhíodh an t-aonach agus bhíodh an chúirt ansin lá arna mháireach. Bhíodh an chúirt ar bun an t-am sin go dtí a deich a chlog san oíche, bhíodh, bhíodh poitín is troid agus chuile shórt mar sin.

Meta: An mbíodh troid laethanta aonaigh?

Kit: Ní bhíodh sé go dona anseo, d'fheicinn é sula dtosaíodh sé



Kit agus Teach Ósta Uí Fhlatharta sa chúlra : Ní raibh ann nuair a tháinig mise anseo ach pórtar, fuisce agus rum, dark rum agus minerals, sin an méid. Ba mhaith leis na fir an dark rum, go mór mór

agus chuirfinn amach iad. Ní raibh aon chúis mhór ariamh againn, níor chaith muid aon duine a thabhairt ag an gcúirt ariamh. Bhí said i gcónaí an-deas liom agus bhí *respect* acu dom. Bhí an-ómós acu dom agus dhéanadh said aon rud dom go dtí an lá atá inniu ann, agus tá an t-ómós céanna agam dóibh.

Meta: Cé hiad an dream a bhíodh isteach laethanta aonaigh?

Kit: Bhíodh go leor isteach, tá go leor den dream a bhíodh isteach laethanta aonaigh caillte anois. Bhíodh slua mór ag dul amach ar na portaigh an t-am sin freisin agus *lorries*

ag tarraingt mhóna, bhíodh sé uafásach uafásach cruógach, bhíodh suas le míle duine ag dul amach ar na portaigh chuile lá. Stopadh said le haghaidh deoch tráthnóna, chuile dhuine acu agus é ag teastáil go géar uathu. Níl fhios agam sa domhan cé as a mbíodh an t-airgead ag teacht. Bhíodh pionta ag chuile dhuine acu, ach ní raibh ach scilling is trí pingine ar phionta. Gheobhadh siad sé phionta dhéag ar phunt. Is uafásach an t-athrú é, ní bhfaigheadh said pionta anois ar phunt, ná *medium* ná bac le pionta. Tá an t-airgead níos fairsinge anois, tá airgead ag

chuile dhuine, níl aon duine go dona as. Aon duine atá is iad féin is ciontaí mar tá chuile dhuine ag fáil neart airgid anois, nach fíor dom é?

Meta: An pórtar is mó a bhíodh ól?

Kit: Ó sea, ach tá said ag ól chuile rud anois. Tá chuile chineál deoch ann, lager, beer, cider, bacardi breezer, *smirnoff* ice, tá go leor deochanna nach mbíodh ann i dtosach chor ar bith. Ní raibh ann nuair a tháinig mise anseo ach pórtar, fuisce agus rum, dark rum agus *minerals*, sin an méid. Ba mhaith leis na fir an *dark rum*, go mór mór

ar lean

laethanta aonaigh. Ach tá sé sin imithe, ní mórán a dhíolann muid de anois chor ar bith.

Meta: Ar i gceaiigeanna a thagadh an pórtar i gcónaí?

Kit: Bhíodh buidéil freisin ann ach bhíodh sé ag teacht sna barraillí freisin. Ní raibh aon bharrailé anseo nuair a tháinig mise anseo. Ní raibh ann ach buidéil ach fuair mé isteach na barraillí agus na piontaí, ara bhí said *delighted* leis na piontaí, bhí said níos deise agus níos saoire ná na buidéil.

Meta: Abair laethanta aonaigh, an dtagadh na mná isteach?

Kit: Corr bhean, beirt bhan, go ndéana Dia Grásta orthu, tá said caillte anois, ní inseoidh mé dhuit cé iad fhéin - bhíodh hall beag taobh thiar agus thagadh said isteach ansin. Bhíodh seálanna ar na creatúir, d'iarradh siad ar na fir leathghloine a thabhairt amach acu. Chuireadh said an leath-ghloine isteach faoin seál ar fhaitíos go bhfeicfeadh aon duine iad.

Meta: Ach ní théadh aon bhean ag an gcuntar ag iarraidh deoch?

Kit: No, no, ní fheicfeá aon bhean istigh sa mbeár ach bean tincéara, agus nach ndeirim go minic leis na boys, an t-aon bhean a d'fheicinn ag ól pionta an t-am sin ná bean tincéara. Ach ní óladh aon bhean eile deoch, b'fhéidir go n-ólfadh said *gin and tonic*, fuisce nó rud éicint mar sin, ní óladh said piontaí chor ar bith.

Meta: An cuimhneadh leat cén uair ar thosaigh na mná ag teacht isteach sa bpúb i dtosach?

Kit: Sna seachtóidí, *early seventies* nuair a thosaigh an Poitín Stil

agus Tigh Darby thiar, sin é an t-am ar thosaigh na mná ag teacht isteach, nuair a thosaigh ceol sna pubanna.

Meta: An mbíodh bannaí agus grúpaí ceoil anseo agat fhéin?

Kit: *Never, never*, ní raibh aon bhanna ceoil ariamh againn. Ní raibh aon cheol ach dá mbeadh aon duine ag iarraidh cairdín a chasadh, thabharfaí cead dó. Mar feictear dom fhéin go raibh sé i bhfad níos nádúraí. Ach tá an nádúr imithe ar fad ó thosaigh an *organised sing-song*. Laethanta aonaigh nuair a chloiseadh said an ceol, léimeadh said suas ag damhsa, is bhíodh said ag casadh amhrán is chuile shórt mar sin, bhíodh sé sin an-deas. *But I think organised sing-song has ruined everything.*

Meta: Ar chuir tú méid ar an áit?

Kit: Chuir mé, áitín an-bheag a bhí ann nuair a tháinig mé anseo i dtosach. Dhá mbeadh dhá scór istigh sa mbeár, bheadh sé lán. Rinne mé an *lounge* i 1963 mar bhí an siopa istigh sa mbeár. Ansin anuraidh dhúin mé an siopa mar ní raibh tada dhá dhéanamh ann agus rinne muid *lounge* ina áit.

Meta: Cén t-údar é sin?

Kit: Tá daoine ag dul isteach Gaillimh ag siopadóireacht. Tá said ag dul isteach as an gCeathrú Rua, as Leitir Móir is Leitir Mealláin. Nach bhfuil said ag dul isteach as Rosmuc is as Carna, sin é an áit a bhfuil muintir Chonamara ag déanamh a gcuid siopadóireachta.

Meta: Cén t-athrú a fheiceann tú ar chúrsaí oibre?

Kit: Ó tá sé *mighty*, nuair a tháinig an tÚdarás go Conamara, sin é rinne Conamara. Go dtí go dtáinig

an tÚdarás bhíodh cúigear nó seisear amuigh ansin ag an gcoirnéal chuile Dé hAoine agus *suitcases* acu ag dul go Sasana, siar as an gCeathrú Rua, Leitir Mealláin agus Leitir Móir agus chuile áit, ach nuair a tháinig an tÚdarás *thanks be to God* d'athraigh rudaí. Sé an rud is fearr a tháinig Conamara ariamh, thosaigh na factories. Bhí an Raidió go maith é fhéin agus TG4. Tá thart ar dhá chéad go leath ag obair ansin agus is iontach an rud é sin. Níl aon chall d'aon duine dul go Sasana mura dtograíonn sé fhéin é mar tá neart oibre sa mbaile, is breá an rud é.

Meta: An mbíodh aon am saor agat, an dtéadh tú ar laethanta saoire?

Kit: Bhíodh ach ní raibh mé ar saoire anois le cúpla bliain. Bhí mé i Hongkong agus bhí mé i Meiriceá trí huair. Bhí mé i Portugal agus sa Spáinn cúpla uair. Bhí mé i Sasana go minic agus *tourail* mé thimpeall na hÉireann go minic agus bhain mé an-sásamh as.

Meta: Chonaic muid sna páipéir ag tús na bliana go bhfuil tú ag díol na háite.

Kit: Tá Peter dhá dhíol, ní mise agus ní thabharfainn milleán dhó, tá na huairéanta an-fhada, tá sé an-demanding, ní hionann is fadó. Caithfidh tú a bheith ann an t-am ar fad. So mura bhfaighidh muid an t-airgead atá muid a iarraidh ní dhíolfaidh muid é.

Meta: Má dhíolann sibh an áit cá mbeidh tú ag tabhairt d'aghaidh?

Kit: Tá dhá theach déanta ansin thoir againn. Níl sé i gceist agam an áit a fhágáil fós ar chaoi ar bith.

Na Súilleabhánaigh as Uachtar Ard



Gaillimh V Sligeach 1945: Dinny Sullivan (cromtha mar ba ghnách leis) ag teacht amach leis an liathróid agus a dheartháir Tom (dara himreoir ó chlé) ag coinneáil súil ghéar air.

le Séamas Ó Cualáin

Tá a fhios ag an saol Fódach faoi "Bhliain na bhFrancach" agus tráchtar go minic i gConamara ar "Bhliain an Bhrosna" ach tá bliain eile fós nár cheart do Ghaeil na Gaillimhe ligean i ndearmad choíche agus sin í an bhliain 1945

ar a nglaoimse go caoin ceansa "Bliain na Súilleabhánach".

Fanann an bhliain seo gan chlaohlú i mo intinn go fóill agus, go gcuirtear na seacht sluaiste orm, cuimhneoidh mé ar éachtaí Thomáis is Dinny Uí Shúilleabháin, an bheirt

deartháireacha dhocheansaithe ó Uachtar Ard na Gaillimhe.

Nuair is léir dúinn gur thosaigh Dinny ag imirt i 1933, go ndearna sé gaisce lena chontae i mórán gach cluiche ó shin i leith, chomh maith le Craobhacha na hÉireann a bhuachan i 1934 agus i

1938, caithfear a admháil go mba fhear as an gcoitiantacht é.

Bhí Tom is Dinny agus beirt deartháireacha eile - Charlie agus Eddie - mar chnámh droma na foirne a ghnóthaigh craobh shinsear an chontae do Uachtar Ard i 1938. Ba í seo an chéad uair a bhuaigh foireann taobh thiar den Choirib craobh shinsear an chontae.

Lánchúlai Láir

I Samhradh na bliana 1945 i gcluiche leathcheannais Chonnacht in aghaidh Shligigh ar pháirc Naomh Comáin i Ros Comáin thug Dinny taispeántas uaidh mar lánchúlai láir (ar chlé ba ghnách leis imirt) nach bhfacthas a leithéid riamh.

Chosain sé go calma cróga agus ba chuma an liathróid ag teacht chuige san aer nó ar an talamh d'aimsigh sé í le díocas lena lámha daingne dochta doscaoilte agus ghread amach í le brí agus le fuinneamh. Tabhair speach ar chic an tSúilleabhánaigh!

Ba ardú meanman a chuid imeartha do na báireoirí eile agus, le cuidiú Tom i lár páirce, fuair said an lámh in uachtar ar Shligeach. Ná ceap, a léitheoir, go raibh drochfhoireann ag Sligeach na blianta sin - ní raibh go deimhin óir ag imirt dóibh i measc togha imreoirí eile bhí an cúlai cumasach Tom Dunleavy agus Colm McDyer as Tír Chonaill.

I bPáirc Naomh Comáin i mí Iúil casadh Gaillimh is Maigh Eo ar a chéile i gcluiche ceannais Chonnacht agus fearadh comhrac

Chosain sé go calma cróga agus ba chuma an liathróid ag teacht chuige san aer nó ar an talamh d'aimsigh sé í le díocas lena lámha daingne dochta doscaoilte agus ghread amach í le brí agus le fuinneamh.

dána dásachtach sular éirigh le Gaillimh.

Bhí Dinny is Tom Sullivan i mbuaic a maiteasa arís agus tharraing said meas is urraim orthu féin is ar a gcontae.

Ach níor mhiste a lua gurbh é Seánín Ó Droighneáin as na Forbacha a thug an criogbhuille do Mhaigh Eo le scór deiridh an chluiche. Shleamhnaigh sé isteach ar chúl Richie Winters as Maigh Eo nuair a chonaic sé an liathróid ag teacht isteach go hard. Léim an Maigheoch ach chin air breith ar an liathróid. Rug an Droighneánach uirthi, thug leis í de ruathar aonair agus chuir i gcúl na heangaí í.

An Súilleabhánach ina shea.

Ar aghaidh le Gaillimh ansin go ndeachaigh said i ngleic le

Corcaigh i gcluiche leathcheannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Mura n-imreodh Tom Sullivan ach an cluiche dochreidte seo bheadh a ainm in airde ní amháin i nGaillimh ach ar fud Chríocha Fáil go Lá Philip a' Chleite.

Chuir sé an clár binne ar a ré peile le mórghaisce an lae úd agus is dóigh nár imir aon pheileadóir riamh chomh danartha díograiseach dúthrachtach agus mar d'imir an Súilleabhánach. Ní raibh fear a chloíte ar an bhfaiche agus ghabh sé trína Corcaigh mar rachadh seabhac trí mhionéanlaith. Ach ainneoin a dhíchill ní raibh i ndán dó féin is dá chontae ach díomua catha sa deireadh leis an scór 2-12 i gcoinne 2-8.

Séard a deir Frankie Byrne, sárpheileadóir na Mí, liom taréis an chluiche: "It was Tom Sullivan v Cork!". Níor bheag sin mar mholadh. Bhí seo le rá ag rí-imreoir Mhaigh Eo, Liam Hastings, go ndéana Dia trócaire air: "I 1945, déarfainn gan amhras ar bith gurbh é Tom Sullivan an peileadóir ab fhearr sa tír."

Cluichí nach ligfear i ndearmad

Shleamhnaigh na blianta thart agus i 1948 bhí Gaillimh is Maigh Eo ag iomaíocht lena chéile arís i gcomhair Chraobh Chonnacht agus taréis dhá chluiche chomh beo bríomhar is a imríodh riamh i Ros Comáin nó ar aon fhaiche eile, bhí an scéal gan réiteach fós agus b'éigean am breise a imirt an dara lá.

Beidh cur síos agus trácht go héag ar éachtaí Thomáis Uí Shúilleabháin sa dá chluiche.



Foireann Peile Shinsear Uachtair Aird 1936: Líne ar chúl ó chlé: Martin Noone, "Dev" Sweeney (traenálaí), Mick Lydon, Mick Mc Donagh, John Lydon,, Edward Sullivan, John Conneely, Seán Ó Domhnalláin(réiteoir). Líne láir ó chlé: Tom Sullivan(151/2 bliain ag an am), Paddy Joe Gibney, Pat Gibbons(captaen), Martin O Toole, Charlie Sullivan. Líne Tosaigh(ina suí): Jim Morrison(cúl báire), Henry O Halloran, Paddy Geraghty, Paddy Moloney.

Ní raibh gníomh dá mhéad ná beart dá dhéine nach raibh ina riocht a dhéanamh agus níor shéan sé an chontúirt tráth ar bith. Gan aon áibhéil ba iad Tom i dteannta Fr Brendan Haniffy agus Pat Ryan as Béal Átha na Sluaighe curaidh na himeartha.

Is fiú cuntas "Green Flag" i "Scéala Éireann" an lá i ndiaidh an chéad chluiche a athinsint: "When Tom Sullivan sent over the equalising point from a free, it was the just reward of a great fight back. It was fitting that the honour of assuring another day for Galway should have fallen to Sullivan for his was the giant effort of the day, a tireless display that got only the support it deserved when all seemed lost."

Sa chluiche athimeartha bhí an

Bhí seo le rá ag rí-imreoir Mhaigh Eo, Liam Hastings, go ndéana Dia trócaire air: "I 1945, déarfainn gan amhras ar bith gurbh é Tom Sullivan an peileadóir ab fhearr sa tír."

Súilleabhánach i mbarr a mhaitheasa arís agus go séalfaidh an t-anam asam meabhróidh mé i m'aigne an cúl a fuair sé ó chic éirice san am breise.

Ar an drochuair bhí thiar ar Ghaillimh, agus seans deireanach fhear Uachtair Aird Craobh na hÉireann a ghnóthú, imithe le sruth. Nárbh é an trua é!

Chuir sé duifean croí ar Chlanna Gael i gcéin is i gcóngar nuair a bhásaigh Tom I Nua Eabhrac Mheiriceá ar 17 Nollaig, 1979. Go dtuga Dia suaimhneas síoraí na bhFlaitheas dá anam agus d'anamacha a dheartháireacha Dinny, Charlie is Edward.

Is buaine bladh ná saol!



Cór Náisiúnta ar Camchuairt

Tá Cór Náisiúnta na hÉireann faoi stiúir Celso Antunes ar camchuairt timpeall na hÉireann an Fómhar seo.

An Mháirt an 5/10/04 beidh siad i Séipéal na Deastógála i gCamus, ar an gCéadaoin 6/10/04 i gCill Rónáin, Inis Mór agus an Déardaoin in Áras Éanna, Inis Oírr, Oileáin Árann.


Seo é an dara cuairt ar Chonamara ag an gCór, bhí siad i Séipéal Chamuis cheana cúpla

bliain ó shoin, áit a dtáinig slua mór as áiteacha éagsúla lena gcloisteáil. Bhain siad fhéin an-sásamh freisin as a gcuairt ar Chamus, go mór mór an Séipéal.

"Bhí sé an-fheiliúnach i gcomhar na hócáide" a dúirt an bainisteoir Gerard Keenan. Bhí sé ag cur tuairisce an mbeadh Séipéal Chamuis ar fáil an turas seo. Tá buíochas mór ag dul don Athair Pádraig Ó Consaidín, Sagart Pobail Rosmuc as úsáid an

tSéipéil a thabhairt dúinn i gcomhar na hócáide. Ní chuile lá a bhíonn imeacht den tsórt seo chomh gar do bhaile. Is seans iontach é coirmcheol clasaiceach a chloisteáil. Tá sé feiliúnach do chuile aoisghrúpa.

Sé téama an chláir ná Saothrú an Ghrá - "Love's Labours". Clúdaíonn sé píosaí le Josquin des Prez, Jean-Yves Daniel-Lesur, Robert Schumann, Elaine Agnew agus Johannes Brahms



Séideán Sí Naíonáin Mhóra

An dara haonad den Chúrsa nua Gaeilge **Séideán Sí** atá á cur ar fáil chun freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna lán-Ghaeilge. Oiriúnach le húsáid i scoileanna eile chomh maith óir go bhfuil sé bunaithe ar théamaí an Churaclaim Bhunscoile (1999). An mhodheolaíocht a bhain le hullmhú an chéad aonaid leanadh leis agus an dara haonad á ullmhú rud a fhágann go bhfuil leanúnachas ann i leith leagan amach na gceachtanna, carachtair, éagsúlacht áiseanna is tascanna agus cur i láthair.

Tá an cúrsa nua seo á ullmhú ag Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge. Is comhthionscadal é Séideán Sí idir An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Foras na Gaeilge.

1 Cúrsa Comhtháite Gaeilge
(Leabhar an Oide B)
1 Mo Leabharsa
(Leabhar an Dalta B)
6 Leabhar Mhóra
16 Leabhairín - Céim 1
16 Leabhairín - Céim 2
18 bPóstaer
56 Pictiúrchárta
4 Dhlúthdhiosca


2 Phuipéad Láimhe
100 Preabchárta
Biongó - Éadaí
Biongó - Bia
*1 Ag Obair Liom
(Leabhar an Dalta B)
*1 Leabhar Cúnta an Oide B
(Ag Obair Liom)
*23 Póstaer Aibítire
*Ábhar Luathlitearthachta

ISBN 1-85791-540-2 €200

Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost ó:
An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
(01) 478 3814 ansiopaleabhar@eircom.net

AN GÚM

CATALÓG AR FÁIL (01) 889 2800
angum@forasnagaeilge.ie www.gaeilge.ie



Foras na Gaeilge

Clár na Féile

Aoine 1 Deireadh Fomhair

- 8.00** Oscailt Oifigiúil sa Chistin , An Cheathrú Rua le Séamus Jamesie Ó Flatharta, Inis Mór, Árann.
Bronnadh Gradam na Féile 2004.
Ceol: Cillín
Fear a' Tí: Máirtín Tom Sheáinín
Ceol Samba le Bonba-Nova
Seoladh an Toraíocht Taisce:
Safarí Phléaráca

Satharn 2 Deireadh Fomhair

- 12.00** Siúlóid Sléibhe ar Chnoc Mordáin. Ó Dhoire lorrain go Cill Chiaráin. Teacht le chéile ag Tigh Chadhain, Cill Chiaráin ag 12.00.
Glaigh ar 087-2359756
Maratón na gKayak i gCeantar na nOileán - 20 Km ó Leitir Caladh go Leitir Mealláin do GOAL.
- 2.00** **Siamsa na nAosach** in Áras Mhic Dara, An Cheathrú Rua
Fear an Tí: Joe Steve Ó Neachtain
- 3.00** **Rása Naomhóg** ón Dóilín go hEanach Mheáin.
- 7.30** **Oscailt Taispeántas Charles Lamb** i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh.
Dá sheoladh ag Walter Verling.
Beidh an taispeántas seo ar oscailt don phobal ó 2 -15 Deireadh Fómhair.
(Ní bhíonn an Leabharlann ar oscailt ar an Domhnach ná Luan.)
- 9.00** **Na Firéin - Ceolchoirm**
Ionad: Óstán an Dóilín, An Cheathrú Rua Ticéid €12

Domhnach 3 Deireadh Fomhair

- 12.00** **Siúlóid Dúlra/Staire ar an gCeathrú Rua le Pól Ó Cuinneagáin.**
Teacht le chéile ag Halla Éinne.
- 6.30** **Scannáin in Áras Uí Chadhain.**
Déantús an Phoitín le Macdara Ó Curraoin.
Ar an mBeet le Pléaráca Teo.
- 7.00** **Ceoltóirí Óga Chonamara-Nis-Tír na nÓg, Indreabhán.**
Aoi cheoltóirí óga a thug cuairt ar Albain i rith an tSamhraidh.
- 9.0** **Óiche Áirneáin** le Ceoltóirí Iorrais Aithnigh i dTigh Pheadair Mhóir, Bánrainn.
Fear a' Tí: Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha

Luan 4 Deireadh Fomhair

- 10.00** **Ealaíontóirí ag tabhairt cuairt ar Bhunscoileanna Chonamara i rith na seachtaine:**
Niall de Búrca - Scéalaí
Gwyn Uí Ghaora - Údar leabhair do ghasúir; Caomhán Mac an Iomaire - Créadóir; Tadhg Mac Dhonnagáin - Amhránaí & Ceoltóir
- 10.00** **Seoladh Leabhair le Gwyn Uí Ghaora Scoil an Droma, Leitir Móir**
- 7.30** **Seoladh Taispeántas Sean-Ghrianghraif as ceantar Rosmuc i Séipeál Rosmuc.** Beidh an taispeántas ann ar feadh na seachtaine.

Máirt 5 Deireadh Fomhair

- 10.00** **Ealaíontóirí ag tabhairt cuairt ar Bhunscoileanna Chonamara i rith na seachtaine.**
Taispeántas Charles Lamb i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh
- 8.00** **Cór Náisiúnta na hÉireann** (National Chamber Choir) i Séipeál na Deastógála, Camus. Táille: €4/€2

Céadaoin 6 Deireadh Fomhair

- 10.00** **Ealaíontóirí ag tabhairt cuairt ar Bhunscoileanna Chonamara i rith na seachtaine.**
Taispeántas Charles Lamb i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh
- 1.00** **Siamsa na nAosach i dTigh Pheacock, Teach Dóite.**
Ceol: Sonnaí Choilm Learaí.
Bean a' Tí: Sarah Uí Mhaille
- 8.00** **Comórtas Damhsa ar an Sean-nós do Chorn Mháirtín Beag Uí Ghríofa.**
Ionad: An Chistin, An Cheathrú Rua.
Ceol: Johnny Connolly Fear a' Tí:
Greg Ó Braonáin. Aoi Speisialta:
Fatima - Damhsóir Flamenco

Déardaoin 7 Deireadh Fomhair

- 10.00** **Ealaíontóirí ag tabhairt cuairt ar Bhunscoileanna Chonamara i rith na seachtaine.**
Taispeántas Charles Lamb i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh
- 7.00** **Trathnóna Litríochta i**
Leabharlann na Ceathrún Ruaidh.
Údair: Pádraig Standún, Aingeal Ní Chualáin agus Pádraig Ó Ciobháin
- 8.00** **Ceolchoirm & Seoladh CD. Thaidhg Mhic Dhonnagáin i**
Seanscoil Shailearna, Indreabhán.
Seoladh: Linda Bhreathnach
- 9.00** **Seisiún i Tigh Mhórain, Carna.** - Craobh Cheantar na nOileán de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Satharn 9 Deireadh Fomhair

- Taispeántas Charles Lamb i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh**
- 2.00** **Comórtais na Óg in Ionad Pobail Chamuis**
*Damhsa ar an Sean-nós
*Amhránaíocht ar an Sean-nós
*Rogha uirlis ceoil
*Agallamh Beirte/Scéalaíocht
Bean a Tí: Fiona Ní Fhlatharta
- 9.00** **Teach an Daingin, Béal a' Daingin :**
Clabhsúr na Féile
Fógairt & Bronnadh duaiseanna Safarí Chonamara.
Ceol:

Aoine 8 Deireadh Fomhair

- 10.00** **Ealaíontóirí ag tabhairt cuairt ar Bhunscoileanna Chonamara i rith na seachtaine.**
Taispeántas Charles Lamb i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh
- 4/6.00** **Ceardlann & Ceolchoirm leis an Contempo String Quartet**
Ionad: An Ceardlann , An Spidéal.
Tús le Deireadh Seachtaine na nÓg i gCamus
Ionad Pobail Chamuis
- 8.00** **Ceardlann Drumadóireachta do Dhéagóirí le Colm de Bhaldráithe.**
- 9.00** **Dioscó do Dhaoine Óga idir 12-15bl.**
D. J.: Liam Ó Conghaile
Spotdhuaiseanna.
Taispeántas Capoiara le linn an Dioscó le grúpa Capoeira na Gaillimhe

Domhnach 10 Deireadh Fomhair

- 2.00** **Comórtais na Óg in Ionad Pobail Chamuis**
*Damhsa ar an Sean-nós
*Amhránaíocht ar an Sean-nós
*Rogha uirlis ceoil
*Agallamh Beirte/Scéalaíocht
Bean a Tí: Fiona Ní Fhlatharta
- 9.00** **Teach an Daingin, Béal a' Daingin :**
Clabhsúr na Féile
Fógairt & Bronnadh duaiseanna Safarí Chonamara.
Ceol: Morning Star

Imeachtaí na Féile

Oscailt na Féile



An banna ceoil samba, Bonba Nova, a bheidh ag cur tús leis an bhféile Aoine 1 Deireadh Fómhair.

An Chistin, An Cheathrú Rua – 1 Deireadh Fómhair

Déanfaidh sé an-oíche sa Chistin do oscailt na féile. Beidh Máirtín Tom Sheáinín ar ais linn arís i mbliana mar Fhear a' Tí mar níl a shárú le fáil.

Siad an banna Samba Bonba-Nova a chuirfeas tús leis an oíche mar sin bígí réidh le dhul ag damhsa mar ní bheidh sibh in-

ann ach... damhsa.

Sé Séamus Jamesie Ó Flatharta as Inis Mór, Árainn a sheolfas an fhéile. Tá an-aithne ar Shéamus de bharr a chuid craoltóireachta ar Raidió na Gaeltachta agus bí cinnte nach mbeidh sé gann sa gcaint i gcomhar na hócáide seo ach oiread.

Beidh Gradam na Féile 2004 dá bhronnadh agus beidh Tomás

Mac Eoin, ar bronnadh an t-éan air anuraidh i láthair chun an Chorréisc a bhronnadh ar an té a bheas ainmnithe i mbliana. Beidh **Safarí an Phléaráca** dá sheoladh chomh maith agus ar fhaitíos go gceapfa go bhfuil an Pléaráca réidh chun aghaidh a thabhairt ar na tíortha teo, níl faraoir. *Tóraíocht Taisce* atá i gceist leis an Safarí seo a bheas ar bun i rith seachtain na féile. Tá tuilleadh

Safarí Phléaráca

Seo *Tóraíocht Taisce* eagraithe i rith seachtain na féile ag Pléaráca i gcomhar le Gaelsaoire. Beidh an toraíocht roinnte i dtrí chuid:

1. Ceisteanna ar Chlár *Chúrsaí an Lae*, RTÉ Raidió na Gaeltachta i rith na seachtaine.

2. Sraith ceisteanna le freagairt ar mhórchéantar

Chonamara theas - Beidh ort suí isteach i do charr agus taisteal thimpeall chun na freagraí a aimsiú.

3. Sraith ceisteanna eile le freagairt faoi imeachtaí na féile - beidh ort freastal ar na himeachtaí chun na freagraí a aimsiú.

Beidh an Safarí dhá sheoladh

ag Oscailt na Féile sa Chistin, An Cheathrú Rua ar an Aoine, 1 Deireadh Fómhair agus beidh na duaiseanna dhá mbronnadh ag Clabhsúr na Féile i dTeach an Daingin, Béal an Daingin ar an 9 Deireadh Fómhair.

Beidh duaiseanna iontacha le buachan. Píosa spraoi a bheas ann, bain triall as!

Imeachtaí na Féile

eolais faoi ar an leathanach seo. Siad Cillín a bheas ag cur an cheoil ar fáil don oíche agus mar atá fhios againn uilig, bíonn said seo breá croithúil i gconaí. Bíonn oíche mhaith i gcónaí ann i gcomhar na hoscailte agus níl muid ag súil lena mhalairt i mbliana.

Siúlóid Sléibhe ar Chnoc Mordáin

– Dé Sathairn 2 Deireadh Fómhair

Beidh na siúlóirí ag teacht le chéile ag Tigh Chadhain, Cill Chiaráin ag 12.00. Beidh an tsiúlóid féin ag dul ó Dhoire Iorrais siar go Cill Chiaráin. Tógfaidh sé seo ó 4 -5 uair an chloig. Mar sin ní mór duit a bheith aclaí go maith agus bróga agus éadaí feiliúnach a bheith ort.

Tuilleadh Eolais: 087-2359756

Na Fíréin

– Ceolchoirm in Óstán an Dóilín - Dé Sathairn, 2 Deireadh Fómhair

Níor sheinn Na Fíréin le chéile ó lánseáileadh an t-albam deireanach, ach beidh deis ag muintir Chonamara an sár-bhanna seo a chloisteáil beo in Óstán an Dóilín ar an Satharn, 2ú Dheireadh Fómhair. Seo an chéad cheann de shraith beag gigeanna "Aiséirí", a fheicfeas Na Fíréin le chéile arís ar stáitse tar éis briseadh 10 mbliana.

Siad baill an bhanna ná Gearóid Ó Murchú: Príomhghuth agus giotár, Eoin Smith: Príomhghiotár agus guth, Colm Mac Séalaigh: Giotár agus guth,

Fran MacBride: Drumaí, Mick Brady: Dord agus giotár

Taispeántas Charles Lamb

– Leabharlann na Ceathrún Ruaidh

Tá an-riméad ar Phléaráca an

taispeántas seo a bheith ar bun i mbliana i gcomhar na féile. Beidh rogha breá d'obair Lamb ar taispeáint sa Leabharlann ar an gCeathrú Rua idir 1 - 15 Deireadh Fómhair. Tá an Cheathrú Rua an-fheiliúnach mar áit dá leithéid de thaispeántas mar gur anseo a chaith Charles Lamb formhór a shaoil, ón am ar tháinig sé i 1921 go bhfuair sé bás i 1964.

Bhí sé faoi dhraíocht ag Conamara agus tá sé seo le feiceáil go sonrach ina chuid ealaíne - daoine i mbun a gcuid oibre, an t-éadach a bhí á chaitheamh acu, na tithe, lochanna, farraige, portaigh agus na hathraithe a thagadh ar an taobh tíre le linn do na séasúir a bheith ag athrú. Tá an t-ádh orainn go bhfuil muid in-ann an saol seo, atá imithe anois, a fheiceáil in obair Lamb.

Beidh an taispeántas á sheoladh ag **Walter Verling** ar an Satharn, 2 Deireadh Fómhair ag 7.30 i.n. i Leabharlann na



Eoin Ó Dubhghaill as Cois Fharraige duine de na ceoltoirí óga a bheidh ag ceol i dTír na nÓg ar an Domhnach 3 Deireadh Fómhair.

Imeachtaí na Féile



Tadhg Mac Donnagáin agus John Ryan: ag seoladh CD i Seanscoil Sailearna; Déardaoin 7 Deireadh Fómhair

Ceathrún Rua agus beidh sé ar siúl ar feadh coicise. Cuirfear fáilte roimh ghrúpaí - gasúir scoile nó dream ar bith - ach glaoch ar an Leabharlann roimh-ré ag 091-595733.

Siamsa na Seandaoine


Tá dhá ócáid ag tarlú faoin teideal Siamsa na Seandaoine i gclár na bliana seo. Beidh an chéad cheann in **Aras Mhacadara** ar an gCeathrú Rua ar an **Satharn 2 Deireadh Fómhair** ag 2.00. Sé **Joe Steve Ó Neachtain** a bheas ina Fhear a' Tí agus beidh slua ceoltóirí, amhránaithe agus damhseoirí leis.

Beidh an dara hócáid ar bun i dTigh Pheacock ar an Teach Dóite ar an gCéadaoin 6 Deireadh Fómhair ag 1.00. Tá cuireadh ag Ionaide Lae Chonamara anseo - orthu seo tá Ionaide Lae Rosmuc, Chamuis, Chois Fharraige, Ghlinisce, agus na hOileáin. Sí Sarah Uí Mháille a bheas ina bean-a-tí agus sé Sonnaí Choilm Learaí a bheas ag

casadh ceoil ann.

Ceolchoirm agus Seoladh CD do ghasúir

- Ceol na Mara - Futa Fata Féasóg -



Josie Sheáin Jeaic: Fear a' Tí: Oíche Áirneáin le Comhaltas Ceoltóirí Iorrais Aithnigh, Dé Domhnaigh 3 - Tigh Pheadair Mhóir.

Seanscoil Sailearna
Déardaoin, 7 Deireadh Fómhair
8.00i.n.

I 1997, tháinig Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan le chéile den chéad uair le CD d'amhráin nuachumtha do ghasúir a thaifeadadh. Thug siad **Futa Fata Féasóg** ar an bpáirtnéireacht agus **Bliain na nAmhrán** ba teideal don albam. Bhí an-ghlacadh leis an mbailiúchán amhrán sin, a bhfuil séasúr na bliana mar théama aige. Le breis is bliain anois, tá Tadhg agus John ag obair ar an darna cnuasach amhrán do ghasúir. **Ceol na Mara** atá baistithe acu ar an gceann seo.

Ó tharla Tadhg bheith ina chónaí i gCois Fharraige anois, chinn sé ar chuireadh a thabhairt do chuid de ghasúir an cheantair a bheith páirteach leis ar an taifeadadh. Beidh na gasúir sin (beagnach deich nduine fichead acu) le cloisteáil ar an stáitse, oíche na lánseála.

I gcuideachta Thaidhg chomh maith ar an oíche beidh a leatbhádóir John Ryan ar an

méarchlár. Tá ceol casta ag John san am a caitheadh le leithéidí Nancy Griffith, Moving Hearts agus John Prine. Ina gcuideachta chomh maith beidh Garvan Gallagher (Mary Black Band, Fleadh Cowboys) ar an dord leictreach agus Cormac Dunne (The Stunning) ar na drumaí.

amháin go mbaintear ard- spraoi as an gcomórtas ach nuair a bhíonn sé thart, leanann an chraic ar aghaidh le ceol, amhránaíocht agus creid é nó ná creid - tuilleadh damhsa!!!

Seisiúin Cheoil!

7.00 - 9.00 Dé Domhnaigh 3/10/04 - Tír na nÓg, Indreabhán - Ceoltóirí Óga Chonamara - Seo grúpa ceoltóirí, amhránaithe & damhseoirí as Conamara a thug cuairt ar Nis i Leodhais na hAlban i mí Iúil seo caite, le tacaíocht ó Iomairt Cholmcille. Siad an grúpa ná : Sonia Ní Oibicín, Daríona Nic Dhonncha, Briocán Bairéad, Tomás Ó Neachtain, Eoin Ó Ráighne, Eibhlín Ní Mháille, Pól Ó Súilleabháin, Seosamh Ó Fatharta; Máire Áine Ní Iarnáin, Eoin Ó Dubhghaill, Pádraig Ó Flatharta.

9.00 - Dé Domhnaigh 3/10/04 - Tigh Pheadair Mhóir, Bánrainn - Oíche Áirneáin le Comhaltas Ceoltóirí Iorrais Aithnigh.

Fear a' Tí: Josie Sheáin Jeaic.

9.00 - Déardaoin 7/10/04 - Tigh Mhórain, Carna - Seisiúin le Comhaltas Ceoltóirí Cheantar na nOileán.

9.00 - Dé Sathairn 9/10/04 - Teach an Daingin, Béal an Daingin - Clabhsúr na Féile - Ceol leis "An Morning Star"

Imeachtaí na nÓg i gCamus

Beidh an dara deireadh seachtaine den Fhéile dírithe ar imeachtaí do dhaoine óga i

gCamus - san Ionad Pobail agus ar ar Pháirc Chamuis

Ar an **Aoine 8 Deireadh Fómhair**, beidh **Ceardlann Drumadóireachta** do dhéagóirí ar bun san Ionad Pobail faoi stiúir **Choilm de Bhaldraithe**, ag tosnú ag 8.00

Ina dhiaidh sin, ag 9.00 beidh **Dioscó na nÓg** ann, é seo dírithe ar an aoisghrúpa 12-15 bliana. Beidh an-oíche anseo i mbliana, neart spraoi agus sport - beidh spotdhuaiseanna ann agus chomh maith le ceol agus damhsa, beidh taispeántas **Capoeira** ann.

Seo meascán de dhamhsa agus modh comhraice a tháinig as Meiriceá Theas. Tá tuilleadh eolais faoi san iris seo, féach an alt scríofa ag Colm de Bhaldraithe. Sé Liam Ó Congaile a bheas ina D. J. don oíche agus beidh cuntaí aige chun an spraoi agus an atmaisféar a choinneáil beo bríomhar.

Ar an Satharn beidh **Comórtais na nÓg** in Ionad Pobail Chamuis ag tosnú ag 1.00 le comórtas **Rogha Uirlis Ceoil** agus ag leanacht le **Damhsa ar an Sean-nós, Amhránaíocht ar an Sean-nós** agus **Agallamh Beirte/Scéalaíocht**. Sí Fiona Ní Fhlatharta a bheas ina Bean a' Tí.

Ar an Domhnach 10 Deireadh Fómhair beidh **Lá Spórt ar Pháirc Chamuis** ag tosnú ag le 12.00 **Rása an Tower** (rása 7 míle do dhaoine fásta) agus cluiche peile do pháistí 10 mbliana.

Ag 1.00 beidh **Rásaí & Cluichí** ar an bPáirc do gasúir suas go dtí 16bl.

Ag 3.00 beidh **Comórtais Caitheamh Meáchain, Tarraingt Téide & Caitheamh Cruifí do Dhaoine Fásta**.



Comórtas Damhsa ar an Sean-nós

- An Chistin - Dé Céadaoin 6 Deireadh Fómhair 8.00.

Níl dabht ar bith ach gurbh é an **Comórtas Damhsa ar an Sean-nós** ceann de na himeachtaí is mó a mbíonn tóir air i rith na féile. Bíonn Tigh Sé pacáilte i gconaí i gcomhar an chomórtais seo do Chorn Mháirtín Beag Uí Gharíofa agus an-spraoi agus craic ann. Sé **Greg Ó Braonáin** a bheas ina Fhear a' Tí arís i mbliana agus **Johnny Phádraic Pheteir** ag casadh an cheoil. Beidh muid ag súil le slua mór i láthair. Ní

EALAÍONTÓIRÍ SNA SCOILEANNA

Na healaíontóirí a bheidh ag tabhairt cuairt ar na bunscoileanna.



Niall de Búrca

– Scéalai

“Tá aithne i bhfad is i ngearr air”. Níl aon chur síos eile le déanamh ar Niall de Búrca a tógadh i nGaillimh. Chomh maith le aithne mhaith a bheith ag páistí na hÉireann air, tá a chuid scéalta insithe aige chomh fada ó bhaile leis An Nua Shéalainn, An Fhrainc agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Insíonn sé scéalta traidisiúnta agus nuascéalta. Tá freastar déanta aige ar an oiread sin féilte, ina measc, An Fhéile Litríochta – Cúirt, An Fhéile Babaró, Féile na nDéise, Féile Earagail agus An Fhéile Náisiúnta Leabhair do Pháistí. Tá an-mheas ar a chuid oibre ag oideachasóirí. I 2002, chomhordnaigh sé *Blackwater Storystream*, tionscnamh síochána agus athmhuintearais, a bhain feidhim as scéalaíocht chun ceangal a chothú idir leathchéad scoil i gcontaetha Ard Mhacha, Thír Eoghain agus Mhuineacháin. Is é

stiúrthóir *Scéalta Shamhna*, ceiliúradh ar an an dtraidisiún béil a bheas ar bun i mBeairic an Choileánaigh i mBAC i mí na Samhna seo chugainn. **“níor bhris focal maith fiacal ariamh”**

Caomhán Mac an Iomaire



– Criadóir

Is as Doire Né, Casla é Caomhán Mac an Iomaire agus tá sé ag déanamh céim máistreachta sa gColáiste Náisiúnta Ealaíne & Dearadh i mBAC.

Chuir Caomhán spéis ar dtús i gcúrsaí ealaíne ag chúig bhliana déag nuair a fuair sé jab Samhraidh leis an ndeileadóir cáiliúil Liam O Neill sa Spidéal. Spreag an obair seo go mór é agus cupla bliain ina dhiaidh sin fuair sé jab le Judy Greene, an potadóir Gaillimheach. Fuair sé amach anseo gur thaithnigh go mór leis a bheith ag obair le cré agus dhírigh sé ar seo nuair a thosaigh sé ag freastal ar an gColáiste Ealaíne.

I rith na féile, ba mhaith leis seans a thabhairt do ghasúir óga na háite dealbhadóireacht a dhéanamh ag úsáid cré, is deis dóibh é rud eicint difriúil a thriail agus tá Caomhán cinnte go mbainfidh said an-sásamh as.

Colm de Bhaldraithe

– Drumadóir

Tá Colm arais ag drumadóireacht linn i mbliana mar go raibh an oiread sin tóir ar a chuid scoileanna drumadóireacht anuraidh.

Thaithnigh cuairt Choilm chomh mór sin leo gur iarr cuid de na scoileanna air teacht arais agus sraith ranganna drumadóireachta a dhéanamh leo i rith na bliana. Tá Colm ina chonaí i Muighinis, Carna agus go leor oibre déanta aige le Pléaráca thar na mblianta. Tá go leor cúnamh tugtha aige dúinn i mbliana ag eagrú an Capoeira i gcomhar an dioscó óige agus an damhsóir flamenco don oíche damhsa ar an sean-nós.

Gwynth Wynn Uí Ghaora

Tá Gwyn arais linn i mbliana arís agus leabhar nua eisithe aici “*Lá Breá Báistí*”. Tá aithne ar Gwyn ar fud Chonamara



de bharr a cuid saothar ealaíne agus a cuid leabhair do pháistí. As an mBreatain Bheag í ó dhúchas ach tá conaí uirthi le blianta anois i Rosmuc. Siad na leabhair eile atá scríofa aici do pháistí ná *Mici ar an bPortach*, *Mici ar Strae* agus *An Cranann Beag*. Beidh a leabhar nua dá seoladh i Scoil an Droma ar an Luan 4 Deireadh Fómhair ag 10.00 r.n.

Tadhg Mac Dhonnagáin

Beidh Tadhg ag tabhairt cuairt ar scoileanna ar an Aoine 8 Deireadh Fómhair taréis seoladh a CD *Ceol na Mara* a bheith curtha de aige an oíche roimhe sin. Taitneoidh ceol agus amhránaíocht Thaidhg go mór leis na gasúir mar gurbh shin iad an spriocghrúpa a bhfuil sé ag cumadh dóibh.

Beidh sé ag canadh amhráin óna chuid albam *Bliain na nAmhrán* agus *Ceol na Mara*. Ná cailligí an seans an *maestro* seo a bheith agaibh sa seomra ranga!

Céad Slán leis an gCorréisc a Chaith Bliain Liomsa


Sé ráitis daoine agus níl mé dá shéanadh Gur iontach an t-éan mé le bliain anuas, Tá mé ag smaoineamh ach ní ar an méid sin Ach ar mo chorréisc bhocht atá ag imeacht uaim.

Tá bliain nach raibh fada caite againn le chéile Bliain mo léan gear a bhí síos agus suas, Ach cén fáth nach n-éalódh muid le spórt is pléisiúr Nuair atá an Pléaráca faoi lán tseoil arís.

Le grá don ocáid bhí againn féasta Chaill cuid againn a reason, a meabhair 's a stuaim, Is bhí an chorréisc mar rí na n-éan ann Ina seasamh go haerach ar charraig chrua.

Ach tá an Pléaráca ag treabh leis Ag tabhairt taitneamh do óg is aosta, Cé déarfadh nach mbainfeadh muid ceol as fós Nach bhfuil muid óg i gconai istigh inár gcroí.

Tomás Mac Eoin



Tomás Mac Eoin: buaiteoir Gradam Phléaráca 2004

I mbliana ghlac ceithre iarbhunscoil páirt in imeachtaí An Ciorcal Scríbhneoirí Ógá-Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua; Coláiste Cholmcille, Indreabhán; Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc agus Scoilphobal Mhic Dara, Carna.

Cladaigh Chonamara

Seo aiste a scríobh Mary Catherine Ní Mhaoilchiaráin, Scoilphobal Mhic Dara, Carna faoi Shéamus Mac an Iomaire.

I mo shuí anseo ag an bhfuinneog dom, á scríobh seo, feicim uaim an fharraige, í gormghlas. Tá an spéir glan, agus grian gheal an Earraigh ag taithneamh. Seo é Maighinis, mo bhaile, atá suite ar chiumhais Iarthar Éireann, amach ó chósta Charna, i gConamara. Tá daoine ag obair ins na garranta, gasúir ag súgradh ar an trá síos uaim. Tá daoine ag deisiú báid, mar a bhí leis na cianta, agus daoine eile ag dul ag iascaireacht. Feicim fir, mná agus gasúir ag obair in éineacht, rud nach bhfeictear anois ach corr uair. Baintear féar ar an seanbhealach anseo fós. Tagann turasóirí ar ais go minic, go Maighinis, iad tógtha leis na tránna geala, an fharraige, atá chomh glan leis an gcriostal. Nár lige Dia don truailliú sin a smut a sháth thar droichead Mhaighinse.

Ta cáil ar an gceantar seo de bharr na saortha bád. Tá Colm Ó Maoilchiaráin aitheanta ar fud na tíre anois, agus é ar dhuine de na saortha bád is fearr sa tír. Bhí saortha bád i Maighinis ariamh, agus iad luaite sna hamhráin agus san mbéaloidas - Muintir Chlochartaigh, muintir Mhaoilchiaráin agus muintir Chathasaigh.

Nuair a smaoineas daoine ar Mhaighinis, tagann duine amháin chun cuimhne ar an toirt. Sin é Séamus Mac an Iomaire, an fear a scríobh an leabhar cáiliúil sin "Cladaigh Chonamara". Is dóigh liom gur í an leabhar is fearr í dár léigh mé féin go dtí seo.

Foilsíodh an leabhar bhreá seo san mbliain 1938.

Chuir sé tús leis an leabhar ag

cur síos ar Mhaighinis, :- "is maith a fheileas an t-ainm Muinis, ie. Maigh (má) + inis, mar is má bhreá, chothrom, réidh, atá i go leor de, agus an fharraige mórthimpeall".

Rugadh Séamus Mac an Iomaire san Meall Rua, i Maighinis, Carna, Conamara, ar an 13ú Eanáir, 1891. Bhí Gaeilge agus Béarla ag a athair Cólman, agus Gaeilge amháin a bhí ag a mháthair Bairbre. Bhí beirt deartháir ag Séamus, Seán agus Ciarán, agus deirfiúr amháin, Máirín.

San leabhar *Conamara Man*, a scríobh sé faoin ainm Seamus Ridge, a foilsíodh sa mbliain 1969, tugann sé cuntas faoina óige ar scoil. Deir sé nach raibh aon Ghaeilge ag an mbunmhúinteoir, agus nach raibh focal Béarla ag na daltaí.

Chuaigh Séamus leis an iascaireacht ar dtús, agus d'fhoghlaim sé na téarmaí a bhain leis an gceird sin, agus, leis an mbádóireacht. Bhailigh sé scéalta agus amhráin chomh maith.

I 1904, bhuaigh Séamus duais ón iris *Ireland's Own*, ar phíosa a scríobh sé ar Lá Fhéile Mhic Dara. Tar éis sin tháinig an-spéis aige san scríbhneoireacht.

Bhí an-tionchar ag Colm Ó Gaora (a scríobh an bheathaisnéis "Mise"), ar chinneadh Shéamus dul le múinteoireacht na Gaeilge. Cháiligh sé mar mhúinteoir i gColáiste Chonnacht, agus chaith tamall i gContae Ros Comáin, sula ndeachaigh sé go Bealach Conglais, i gContae Chill Mhantáin.

Le linn Chogadh na gCarad b'éigean do Shéamus dul ar a choiméad de bharr gur cuireadh

ina leith go raibh tiomáint eallaigh ar siúl aige. D'éirigh leis teastas múinteora a fháil i gColáiste na Rinne. Thug Séamus Ó Dubhghaill post dó in Inis Córthaigh. Chuir sé isteach ar phost i Sligeach, ach ní bhfuair sé an post sin nuair nach dtógfadh sé mionna dílseachta.

Bhain sé amach duais Oireachtais sa mbliain 1924, le cnuasach sean-amhrán.

I 1926 chuaigh sé go Meiriceá ach bhí deacrachtaí aige fail isteach sa tír. In

"Seosamh Dáibhid agus cuid dá Chairde" (an iris *Feasta*, Deireadh Fómhair 1988), bhí Tomás de Bhaldraithe den tuairim gur de bharr easpa Béarla ag an gconsalacht i mBaile Átha Cliath a chlis ar Shéamus dul go Meiriceá. D'oibrigh Séamus an seanchleas, mar a rinne go leor eile, agus chuaigh isteach trí Cheanada, áit a raibh an scrúdú níos éasca. I Meiriceá bhí se ag múineadh ranganna Gaeilge don Chumann Gaelach, agus do Chonradh na Gaeilge.

Bhí post aige i gcomhlacht iarnróid, áit nach bhfeicfeadh sé solas an lae, agus chuir seo as dá shláinte. Bhuaill an eitinn é.

I leaba ospidéal, i Meiriceá, a scríobh sé "Cladaigh Chonamara". Chaith sé trí bliana san ospidéal, gan focal Gaeilge le cloisteáil timpeall air. Thug Seosamh Dáibhid cabhair dó eagar a chur ar an leabhar, a foilsíodh sa mbliain 1938. Foilsíodh eagrán nua san mbliain 1985.

Ba é Tomás Ó Máille (1883 - 1938, Ollamh le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ó 1912, agus údar an leabhair "An Béal Beo"), a

scríobh an réamhrá le "Cladaigh Chonamara" (1938)

Fuair Séamus Mac an Iomaire bás an 15ú Samhain 1967.

Tá an sloinne go láidir i Maighinis fós agus tá gaolta Shéamus ann.

Sa mbliain 2000, foilsíodh "The Shores of Connemara", aistriúchán ón nGaeilge le Pádraic de Bhaldraithe. Tá grianghrafanna agus léaráidí san leagan Béarla nach raibh sa leabhar i nGaeilge.

An Fear Bocht

Déantar dearmad ar an bhfear bocht i gconaí

Caitear é ansin as an mbealach Ar fhaitíos go mbeadh sé sa mbealach

Ar na daoine saibhre nó mór le rá.

Ní bhíonn cead aige labhairt amach

Tá sé ag iarraidh ach tá a fhios

Aige go ndéantar dearmad faoi

taobh

Istigh de chúpla nóiméad.

Fanann an fear bocht ansin ag súil

Go dtiocfaidh athrú ar an saol

Ach tá rud eicint ag rá leis

Go mbeidh tamall le fanacht aige,

Mar níl a dhóthain páipéir glas

Ina phóca.

Cian Ó Flatharta, Coláiste Cholmcille, Indreabhán.

Teanga an Dorchadais

Is mise teanga an dorchadais

Is chonaic mise neart

Bás, fearg is grá

Is chuile shórt saint

Titim síos san oíche.

Ach ní bhím thart sa lá

Ag bailiú scéalta.

Gach uile oíche

Cloisteáil is ag féachaint

Sin é mo shaol anseo ar domhan,

Talamh Slán

Scríofa ag Nóra Ní Cheoinín as Leitir Ard, scoláire i Scoil Phobail Mhic Dara, Carna. Scríobh sí é seo dá seanathair - Seán Ó Ceoinín

Tarraingthe suas ar an talamh, Thiar i dtóin Leitir Ard, Le taobh chéibh Bhéal a' Charraig,

Tá'n Hunter is í sínte ar a' trá Níor sheol sí anois le fada, Deir daoine nach seolfaidh go brách

Céad slán leis an dream a bhí inti,

Tá siad imithe, mar an taoille ón trá.

Siad Clann Chonghaile a rinne í,

is críochnaíodh í i Leitir Mealláin,

nuair a fliuchadh a cíle san uisce,

d'fhág sí ag na báid eile slán.

Bhuaill sí báid mhóra na tíre, ó Roundstone go Cuan an Fhíor Mhóir,

Sheol sí farraigí arda, is bhuaigh sí a cuid geallta gan stró.

Anois is é an feall í bheith titithe ag scoilteadh, gan bádóir, gan seol,

is dá mbeadh Seán Cheoinín ar marthain

bheadh sé ar an teile, is a dhá láimh ar an scód.

Ach, má tá báid seoil ins na flaithe,

Is fear a' teastáil ar stiúir,

Ní eiteoidh Sean Cheoinín go brách iad,

Mar is aige a bhi an cheird sin ón tús.

Feicim áthas ar dhaoine

Mar tá an lá thart.

Níos sine ná cloch

Níos sine ná an ghaoth

Tá mé anseo ón tús

Is beidh mé anseo

Go deireadh an tsaoil.

Táim dubh

Gan focal,

Ach feicim

Is anocht fuair mé mo sheans labhairt.

Anois a chairde chuala sibh mé

Beidh mé ag féachaint oraibh anocht.

Niamh Seoighe, Coláiste Cholmcille, Indreabhán

Oíche Fhuar

Oíche fhuar is mé fliuch báite

Lochán fúm ar an tairseach

Caoirigh ar foscadh faoi sceacha scáinte

Muigin mór tae ar theallach fáilteach.

Cliona de Bhailís

Scoil Chuimsitheach Chiaráin

Aimsir fhuar

Aimsir fhuar fhlíuch

Spéir dhorcha anocht

Clabhtaí gruama gránna

Is muid uilig sáinnithe.

Grian gheal bhuí le theacht aríst

Is beidh spraoi is scléip ag daoine.

Úna Ní Chathasaigh

Scoil Chuimsitheach Chiaráin

An Bháisteach

An bháisteach ina díle

Na héadaí ar an líne

Daoine gan aon dídean

Ina líbín ag an doras

Bhí trua agamsa dóibh

Ach bhailíodar leob

Nuair a stop an bháisteach a'gleáradh.

Úna Ní Fhlatharta

Scoil Chuimsitheach Chiaráin

TRATHNÓNA FILÍOCHTA

Siad na léitheoirí a bheas linn ag an Trathnóna Litríochta i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh ná Pádraig Standún, Pádraig Ó Cíobháin agus Aingeal Ní Chualáin.



Pádraig Ó Cíobháin

Sé Pádraig Ó Cíobháin an Scríbhneoir Cónaitheach Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi láthair. As Corca Dhuibhne dó ó dhúchas. D'aistrigh sé 'on Ghaillimh sa bhliain 1997. Úrscéalta agus cnuasaigh gearrscéalta a scríobhann sé. *Le Gealaigh* (Coiscéim, 1991) a chéad



Pádraig Standún

leabhar. *Ré an Charbaid* (Coiscéim, 2003) teideal a leabhair dheireanaigh - úrscéal atá suite i gcathair na Gaillimhe agus ina cúltúr. Tá sé ag obair ar an naoú saothar fé láthair, cnuasach ar a dtugann sé *Dréachta Chrích Fódla*.

Chaith Pádraig Standún blianta in a shéiplíneach ar an



Aingeal Ní Chualáin

gCeathrú Rua. Bhain sé cáil amach mar gheall ar a leabhar, *Ag Súil le Breith*.

Is as Carna í Aingeal Ní Chualáin. Tá Féile Phléaráca ag tabhairt an chéad deis mhór di a cuid filíochta a chur os comhair an phobail.

I gcuimhne Stiophán Ó Cualáin 1925-2003

Is do fhuaim bhinn an bhfeidhil An mileodeon 'gus an fliút A d'oscail tusa do shúil Don chéad uair i 1925 sa Teach ceann tuí i gCarna Arar tugadh 'Cadamy an Cheoil

Maidin Domhnaigh 's tá na Fonnadóirí ag gabháil fhoinn Boscadóirí ag baint suilt as an gcráic Port an fhlíutadóra ag coinneáil righin

Corr splanc dá bhaint ag an Damhsóir óg as urlár stroighin

Bhí an t-ádh leatsa an stail óg Tugadh seans duitse dul sa tóir Ar aoibhnis na foghlama Rud annamh go leor dod leithéid Gurbh fhios duit

I lár Choláiste Mhuire Corr fhocal Béarla i do phluic Chuimhnigh tú ar an mbaile 's ar

An Damhsóir

Chonamara aimsir an chogaidh mhóir Ach bhí Laidin ann 's leabhra Gaeilge Le léamh, peil Ghaelach, stair, comhrá Seans agat ar an mbonn óir sa Taibhdhearc 'gus tú i do aisteoir óg

I stáisiún Ceannt na Gaillimhe Londain Shasana do thriail An traein ag druidim amach go mall 'S tú ag seasamh sa doras ag fágáil slán Le do naipicín bán ag fuadach

Ghlaoigh an nádúr ar ais thú I do mháistir scoile anois Ar an oileán aerach úd Máistir freisin ar an gcurach A d'iomar tú go céibh Inis Bearachain Agus amach arís trathnóna

Ar feadh ocht mbliana déag

Aeraíochtaí i Leitir Móir 'S na sluaite bailithe Ardán don amhránaíocht Don damhsa 's don cheol An bród, ag cur fáilte roimh De Valera ar an stáitse 1959 'Gus an séipéal nua ar an bhfód!

Glórach, teasáí scaití Thóg tú an rud 'gus rinne Do rud fhéin dó Mhúin dóibh cén chaoi Le gaisce a dhéanamh Amuigh sa saol mór

Anois tá curachín an mháistir Iompaithe béal fúithi Tá an saol as cor, athraithe Ag fógart deireadh ré Do chroí 's do smaointe Siar sna blianta 'gus Fios agat go bhfuil do Chosa déanta as cré.

Aingeal Ní Chualáin

Capoeira

Beidh taispeántas Capoeira ar bun le linn an dioscó óige i gCamus ar an Aoine 8 DF. Tugann Colm de Bhaldraithe léargas ar céard é.

Is damhsa troda an Capoeira. Bíonn duine ag damhsa amach romhat agus an chéad soicind eile tabharfaidh sí buille duit ar chúl do chinn lena cos. Tá an-aclaíocht ag baint leis agus is bealach breá é le fáil folláin agus so-lúbaithe. Chum na hAifricánaigh an damhsa seo nuair a bhí said ag obair mar sclábhaithe i mBrasíl. Bhíodh siad ag réiteach faoi cheilt le haghaidh an chéad éirí amach eile. Le linn stair na sclábhaithe sa mBrasíl bhí na céadta éirí amach ag na hAifricánaigh. Théis an teach mór a dhó agus foireann na dtiarnaí talún a chuir chun báis, theitheadh siad isteach sna coillte móra agus chuireadh siad ar bun Kilombo, nó poblacht neamhspleách i lár na gcoillte. Mhair an ceann is cáiliúla ós cionn trí chéad bliain sula scrios arm na Brasile é. Sí an Bhrasíl an tír is mó a bhfuil Aifricánaigh ina gcónaí inti théis an Nigéir, tá 90 milliún de bhunús na h-Aifrice inti as daonra 265 milliún.

Bíonn Capoeira dá chleachtadh sa gCairib freisin. Bíonn an-chaint ar shliocht na n-Éireannach san Astráil, sa mBreatain, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe. Déantar dearmad iomlán ar ár gcolceatharacha buí sa gCarib. Théis Cath Chionn tSáile rinneadh scrios iomlán ar na Gaeil go háirithe orthu siúd i gCúige Mumhan. Seoladh na céadta míle sall go dtí an Charib le n-oibriú mar sclábhaithe leis na hAifricánaigh ar na heastáit

mhóra siúcra. Ag an am sin b'é an siúcra an t-ola, an acmhainn ba luachmhaire a bhí le fáil.

Rinne an dá dhream iarracht i ndiaidh iarracht éirí amach a bheith acu le chéile agus d'éirigh leo i mBarbados ar feadh tamall sul má chuir arm na Breataine deireadh leo. Is pobal buí atá anois sa gCarib ó bhunús gael agus gorm.

Bhí an-iontas ar Sheán Ó Donnabháin nuair a shroich a bhád, An Kaloolah, Montserrat in 1852, oileán beag sa gCarib atá scoite amach óna cinn eile. Chuala sé dream buí an oileáin ag caint lena chéile i nGaeilge. Ba cainteoir ó dhúchais as Cluain na Coillte é Seán. Thosnaigh sé ag caint leo agus d'iarr fear buí air cérbh as é. D'fhreagair Seán gur as Corcaigh é. "Sé sin Corcaigh na gCuan" a deir an fear buí, ag tabhairt sean logainm a bhí théis imeacht as an gcaint le céad bliain anuas. Is cosúil go raibh Gaeilge na seachtú haoise déag acu fós i Montserrat agus go raibh siad ní ba Gaelaigh ná na Gaeil iad féin.

(Bíonn Ciorcal Drumadóireacht Gorm-Gaelach ar siúl i gCarna chuile choicís. Tuilleadh eolais: Glaoigh ar Chóilín - 095 32760.)

Tigh Mhórain

Carna 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

www.foinse.ie

Glac síntiús le

Foinse

Priomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

091-595520

Aiséirí Na Fíréin

Beidh deis ag muintir Chonamara an sár-bhanna seo a chloisteáil beo in Óstan an Dóilín ar an Satharn, 2ú Deireadh Fómhair.

Tá scór bliain anois caite ó tháinig banna ceoil "Na Fíréin" don chéad uair ar stáitse. An bhliain 1984 a bhí ann agus bhí féile Rac a hAon ar siúl i Ráth Cairn Ghlas na Mí. Ní raibh a leithéid cloiste riamh roimhe seo, rac-ghrúpa ag casadh go hiomlán tré mheán na Gaeilge.

Glacadh go fonnmhar lena gcuid ceoil. Chas siad amhráin nua-aoiseacha a phléigh cúrsaí na linne - ní hamháin an ghrá, ach cúrsaí cogaidh / síochána, dí-fhostaíocht, alcóileachais agus éagóir. Eisíodh "Sin mar a Bhíonn", a gcéad albam sa mbliain 1986. Cnuasach amhrán nua-chumtha dá gcuid féin, ina measc "Deireadh na Seachtaine", "Oíche na nGréig" agus an t-amhrán is mó a bhain cáil amach dóibh, "Tír na nÓg".

Ins na blianta beaga ina dhiaidh sin bhí Na Fíréin le cloisteáil ag go leor féilte agus imeachtaí eile ceoil ó cheann ceann na tíre. Chasadar go minic i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath, i gConamara agus tá sé le maíomh acu gurb é an t-aon turas a rinne siad riamh thar sáile, an gig a chas siad i dToraigh. Is minic a bhí siad le feiceáil ar chláracha teilifíse náisiúnta chomh maith.

Ceathrar a bhí sa mbanna ag an tús, Eoin, Fran, Colm agus



Gearóid, agus d'fhan an ceathrar sin le chéile síos tríd na blianta. Ach chas corr dhuine eile leo ar feadh tréimhsí éagsúla, ina measc Mick Brady ar dord, Dónal Ó

Faoláin ar an sacsafón, agus Caitríona Ní Threasaigh ar na méarchláir.

Thaifead siad an darna albam "Beagáinín Níos Fearr" sa

mbliain 1990 agus eisíodh é sin ar a lipéad féin "GEALT". Sa bliain 1996 eisíodh meascán ón dá albam ar CD de chuid Gael Linn faoin teideal "Na Fíréin". Tá an t-albam seo fós ar fáil in áiteacha fánacha.

Níor sheinn Na Fíréin le chéile ó lánseáileadh an t-albam deireanach, ach beidh deis ag muintir Chonamara an sár-bhanna seo a chloisteáil beo in Óstan an Dóilín ar an Satharn, 2ú Dheireadh Fómhair. Seo an chéad ceann de shraith beag gigeanna "Aiséirí", a thabharfas Na Fíréin le chéile arís ar stáitse tar éis briseadh 10 mbliana.

Bhí Na Fíréin riamh snasta mar bhanna. Ceoltóirí den scoth a bhí iontu agus ba léir go raibh cleachtadh maith acu ar bheith ag casadh ceol láidir bríomhar le chéile.

Tá siad níos sine anois, (nó níos aibí b'fhéidir) ach is cinnte



go dtabharfaidh siad léiriú chomh beo bríomhar céanna is a thugadh sular bhailigh siad leo go Tír na nÓg.

Siad na baill den ghrúpa a bheas ar stáitse an Dóilín:

Gearóid Ó Murchú:
Príomhghuth agus giotár

Boin Smith: Príomhghiotár agus guth

Colm Mac Séalaigh: Giotár agus guth

Fran MacBride: Drumaí

Mick Brady: Dord agus giotár

Tá muid ag súil le han-oíche. Bí ann!!!

Óst na nOileán - TIGH LEE -

Leitir Mealláin 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca




MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360


Seanmhianach Luaidhe agus
Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad



RAPIRE TEORANTA

Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593211
Facs: 593078



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO
ROS MUC
CO. NA GAILLIMHE
TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE
WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM
NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE

Clár Ealaíon don Óige - Pléaráca 2003/2004

Rinne Pléaráca iarracht mhór le bliain anuas réimse leathan imeachtaí ealaíon a chur ar fáil d'óige Chonamara. Le maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta (fochomhlacht d'Údarás na Gaeltachta) agus An Chomhairle Ealaíon, fostaíodh Oifigeach Ealaíon chun Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige a riaradh. Ba í Máire Ní Chualáin an t-oifigeach sin agus níor spáráil sí a cuid fuinnimh mar a thuigfidh sibh ón méid a reachtáladh.

An 13/14 Nollaig 2003 reachtáladh *Bricíní- Féile Leabhar do Pháistí agus do Dhéagóirí* i Seanscoil Sailearna, Indreabhán. Ba é seo é an dara féile dá leithéid a reachtáil Pléaráca (bhí an chéad cheann i 2000). Eagraíodh taispeántas agus díolachán de na leabhair Ghaeilge ar fad a bhí ar an margadh do


pháistí agus do dhéagóirí. Chomh maith leis sin bhí clár imeachtaí breise ar bun an dá lá céanna chun an pobal a mhealladh isteach - léitheoireachtaí, dramaí gearra, ceol, seoladh leabhar, comórtais ealaíne, ceardlanna ealaíne agus go leor eile. Thug muid cuireadh do scríbhneoirí, aisteoirí, foilsitheoirí, agus do cheoltóirí a bheith linn ag an deireadh seachtaine chun spreagadh a thabhairt don ócáid - ina measc sin bhí Colmán Ó Raghallaigh, Gwyn Uí Ghaora, Marc Mac Lochlainn, Josie Ó Culáin, Fionnuala Ní Fhlatharta, Joe Steve Ó Neachtain, Tadhg Mac Dhonnagáin agus grúpa drumadóirí as Gaillimh faoi



stiúir Niall Ó Floinn. D'éirigh thar



Ceoltóirí óga as Conamara ag ceol ag Féile Ceol Nis in Albain i mí Iúil na bliana seo.



Ag baint sásaimh as Bricíní Nollaig 2003 i Seanscoil Sailearna.

cionn le Bricíní agus díoladh an t-uafás leabhar Gaeilge ann.

Faoi gclár céanna leathnaíodh an Ciorcal Scríbhneoirí Óga ó cheantar scoile amháin go trí cheantar scoile - Cois Fharraige/An Cheathrú Rua, Rosmuc agus Carna. B'iad na háisitheoirí a bhí ag an gCiorcal i mbliana ná Máire Holmes, Jackie Mac Donncha, Máire Ní Chatháin agus Greg Ó Braonáin. Tá cuid de shaothar na ndaoine óga a d'fhreastal ar Chiorcal le léamh san iris seo.

San réimse drámaíochta tugadh cuireadh don dramadóir Paul Mercier Tréimhse Chónaitheach a dhéanamh i Scoil Chuimsitheach Chiaráin na Ceathrú Rua. D'oibrigh sé le 18 déagóir sa scoil sin agus scríobh said agus léirigh said an dráma "Deirfiúir Mór".

Léiríodh an dráma sa scoil i Nollaig 2003 agus bhí trí seó acu i Seanscoil Sailearna, Indreabhán i



Máire Ní Chualáin.


Feabhra 2004. Bhain an dream óg an-taitneamh as an obair ar fad agus d'fhoghlaim siad go leor ó bheith faoi stiúir dhramadóir profisiúnta ar nós Paul Mercier.

Sa réimse dramaíochta chomh maith - cuireadh ceardlanna dramaíochta ar bun i ndeich bunscoil i gConamara ar feadh tréimhse 10 seachtain. Cuireadh áisitheoirí aitheanta isteach sna

scoileanna a raibh taithí mór acu féin ar aisteoireacht agus ar theagasc na ceirde - orthu sin bhí Lara Ní Chathmhaoil, Marc Mac Lochlainn, Siorcha Ní Chéide, Sinéad Ní Ghuidhir agus Nóra Nic an Ultaigh. An 23/24 Márta 2004, cuireadh Féile Dramaíochta dhá lá ar bun do na bunscoileanna ar fad i gConamara in Ionad Pobail Chamuis - ní amháin do na scoileanna a raibh Pléaráca ag freastal orthu ach gach scoil a raibh dráma acu le cur ar stáitse. Ba taispeántas iontach a bhí anseo agus ba deis iontach a bhí ann do na páistí scoile dul ar stáitse.

An 7/9 Bealtaine 2004 reachtáladh An Fhéile Litríochta do Dhéagóirí *Fuint Focal* ar an gCeathrú Rua, Conamara. Bhí sé seo dírithe ar dhéagóirí na Gaeltachta agus na Galltachta. D'fhreastail daichead duine óg air as gach cuid den tír agus bhain said an-tairbhe bheith ag obair le

ar lean



Pádraig Ó Conaire, Ros Muc, buaiteoir comórtas filíochta, Bricíní.

áisitheoirí ar nós – Louis de Paor, John Spillane, Maidhc Dainín Ó Sé, Paul Mercier, Máire Holmes, Máire Ní Fhéinneadha agus Jackie Mac Donncha.

Níl dabht ar bith gur baineadh go leor amach faoin gClár Litríochta & Drámaíochta agus tá maoiniú ceadaithe don chlár céanna arís do 2004/2005.

Maidir le himeachtaí ceoil agus amhránaíochta – bhí Pléaráca i bpáirt leis an nGaelacadamh agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh sa scéim *Ó Glúin go Glúin*. Faoin scéim seo, reachtáladh seisiúin amhránaíochta ar an sean-nós do dhaoine óga i gceantair éagsúla ar fud Chonamara faoi stiúir Amhránaí Cónaitheach na hOllscoile – Josie Sheáin Jeaic Mac Donnacha. D'éirigh go breá leis na seisiúin seo agus tá ceann amháin le tarlú fós – sin san Ionad Fiontair, Rosmuc an 24 Deireadh Fómhair. Beidh fáilte ann roimh chuille dhuine.



Caillín ar an stáitse i gCamus le linn féile drámaíochta, i mí Feabhra na bliana seo.

I mí Iúil 2004 le tacaíocht ó Iomairt Cholmille, thug Pléaráca

11 duine óg as Conamara go Leodhais na hAlban chun freastal ar Champa Samhraidh ansin in éineacht le grúpa daoine óga as Albain. Ba Malartú Scileanna Ceoil, Damhsa & Amhránaíochta idir an dá chultúr an téama a bhí leis an gCampa seo agus d'éirigh thar cionn leis. Is le linn Fhéile Ceol Nis a tharla sé seo ón 19-24 Iúil 2004. Mar chuid d'Fhéile Phléaráca Chonamara, beidh an grúpa daoine óga a chuaigh go hAlbain ag ceol i dTír na nÓg in Indreabhán an Domhnach 3 Deireadh Fómhair ag 7.00.

Reachtáil Pléaráca dhá Champa Samhraidh eile i Rosmuc i mí Iúil, ceann amháin acu ag cur réimse imeachtaí ealaíne ar fáil do pháistí idir 7-9 mbliana. Bhí an dara campa bunaithe ar scileanna drámaíochta a theagasc do pháistí ó 7-12 bliain agus ba iad Bearthla agus Pádraig Ó Flatharta a reachtáil é seo. Bhain gasúir an cheantair an-sásamh as na campaí.



Ag glacadh páirte i seisiún Ó Glúin go Glúin i Seanscoil na Trá Báine.

ÓSTÁN AN DÓILÍN

AN CHEATHRÚ RUA 091-595169

*Déanfar freastal ar gach cineál
ócaid, cóisir nó bainis*

ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA

AN CHEATHRÚ RUA 091-595116

*Deoch ar do chompórd sa
tSailchuach*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óstán na Páirce

AN SPIDÉAL

Teil: 091-553159 Faics: 091-553494

Do'd bhainis nó do'd chóisir

Gach eolas ó Sineád nó John Paul

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte,
péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartal, marcleabhair,
gach cineál bronnntanas speisialta

Hilaraí Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe



‘An Chéad Laoch’ James Brendan Connolly

Bhí teacht le chéile deas in Inis Mór le gairid nuair a bhronn fear as Marblehead i Massachusetts cóipeanna de leabhra a scríobh James Brendan Connolly ar phobal an Oileáin. Ba é James Connolly an chéad duine a bhuaigh bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha nuair a hathbhunaíodh iad i gCathair na hAithne sa nGréig in 1896. Ba as Árainn a athair agus a mháthair.

Fear a bhí ann a rinne go leor eile i gcaitheamh a shaoil freisin. Scríobh sé úrscéalta agus gearrscéalta. Bhí sé ina chomhfhreagróir cogaidh ar fud an domhain. Cara pearsanta a bhí ann don Uachtarán Roosevelt. Le linn Chogadh na Saoirse tháinig sé go hÉirinn agus scríobh sé píosaí cumasacha faoin slad a bhí na Black and Tans a dhéanamh.

Bhí dearmad beagnach déanta ar a chuid éachtaí nuair a thaispeáin Máirtín Jamesie alt beag faoi a

Scríobh sé úrscéalta agus gearrscéalta. Bhí sé ina chomhfhreagróir cogaidh ar fud an domhain. Cara pearsanta a bhí ann don Uachtarán Roosevelt. Le linn Chogadh na Saoirse tháinig sé go hÉirinn agus scríobh sé píosaí cumasacha faoin slad a bhí na Black and Tans a dhéanamh.



Gary Kissal, Seosamh Ó Cuaig, Bob Quinn agus Michael Gill ag an teacht le chéile ar Árainn in omós do James Brendan Connolly. Bhronn Gary leabhair James ar mhuintir an oileáin. Sa phictiúr ar dheis cuid de leabhair Connolly agus an slua ag an ócáid.

bhí san “Ireland’s Own” do Sheosamh Ó Cuaig. Chuaigh seisean i mbun taighde as éadan, chuaigh sé i gcomhairle le Bob Quinn ina dhiaidh sin agus ba é an toradh a bhí air sa deireadh go ndearna siad clár fáisnéise do TG4 dár teideal “An Chéad Laoch”.

Le linn a chuid taighde tháinig Seosamh Ó Cuaig ar fhear i Marblehead, Mass. darb ainm Gary Kissal. Níl deoir d’fhuil na hÉireann ann (de shliocht Gréagach é) ach bhí beagnach chuile rud dár scríobh James Connolly riamh bailithe aige agus omós an domhain aige dó. D’fhiafraigh Seosamh Ó Cuaig de an mbeadh baol ar bith go dtiocfadh sé go hInis Mór. Dúirt sé go dtiocfadh agus go mbronnfadh sé na leabhra ar mhuintir an oileáin.

Ar fhothrach an tí’a bhí ag a thuismitheoirí trasna ó Tigh Fitz i gCill Éinne a rinneadh an bronnadh -le linn do Chluichí Oilimpeacha a bheith ar bun i gCathair na hAithne, 108 bliain tar éis do James Brendan Connolly clú domhanda a tharraingt ar South Boston agus ar Árainn.



An tlascaire Dúshlánach

Gearrscéal le Pádraig Seoige, Camus

B'annamh an lá ná an mhaidin a d'fhanfadh sé istigh. Ba aird ariamh ar bhean rua dá gcastaí ina bhealach le moch na maidne í. Níor thug ná a dhath ariamh. Is iomaí duine a duirt leis nár cheart dó gan aird a thabhairt ar na sean-ráithanna cainte fiú dá mba pisreoga féin iad. Ní cheapfá ach oiread gur véarsa de "Amhrán na Trá Báine" a bheadh ar bharr a theanga aige ar maidin:

"D'fhágadar an caladh amach ar maidin leis an lá

Dia linn agus Muire s'iad an triúir a chuaigh sa ngábh".

agus leanfadh sé air. Bhí sé dúshlánach cinnte. Ní choinneodh rud ar bith, fiú *Hurricane Debby* istigh é. Ba ar thóir na mbreac a bhíodh sé gach lá agus bhailíodh sé leis amach chun farraige ina phúcán feistithe lena chuid seolta. Ba fear paiteanta in éadan báid a bhí ann fhéin agus ba mhaith uaidh na seolta a dhéanamh, a dheasú agus a fheistiú.

Bhí sé ráite lena linn gurb é an fear farraige, an bádóir agus fiú an saor bád ab fhearr é. Diabhal smid bhréige ann. Bhí sé ráite agus is iomaí duine a chreid é.

Ach bhí an-suim sa mbraon

aige agus mura mbeadh fíor-chorr uair ann ba ina aonar a bhíodh sé. Iascaire aonraic. B'annamh an trathnóna nach mbíodh lasta éisc ag teacht abhaile aige agus slám le coinneáil dó féin freisin. Dhíoladh sé an chuid eile le siopaí, ar aontaí agus ar mhargaí. Fear barraineach tráthúil a bhí i gcónaí ann.

Lá amháin chuaigh sé amach ina phúcán agus bhí píosa maith den lá caite amuigh aige nuair a tháinig sé ina bháisteach trom tóirní óna spéartha. Phléasc sé ina thoirneach throm. Thosaigh faitíos ag teacht ar Cholm, an t-iascaire. Ní raibh a fhios aige céard ab fhearr dhó a dhéanamh. Rinne sé seacht n-iarracht a theacht i dtír ach fós cheap sé go mb'fhearr dhó na seolta a ligean anuas agus fanacht sa spota a raibh sé. Tá sé ráite go bhfuil uisce fíor-chontúirteach aimsir thóirní, agus bhí sin dar leis in intinn Choilm freisin.

Tar éis tamaill dúirt sé leis fhéin go mb'fhearr dhó a bheith ag déanamh ar an mbaile agus d'ardaigh sé na seolta aríst agus thosaigh sé ag tornáil leis. Faoi dheireadh bhain sé ceann scríbe amach agus gan an tóirneach stoptha fós. Tháinig sé i dtír sa gcéibhín dúchais ina seoladh sé

aisti gach lá. Bhí aige. D'éirigh leis an lá sin ach gan mórán da bharr. Shílfeá go raibh sé seo ag briseadh a chroí ach b'fhearr leis a bheith slán sábháilte mar sin fhéin.

B'shin an chéad eachtra a tharla dó agus chuir sé ag smaoineamh é. Shílfeá nach é an oiread sin fonn a bhí air a dhul amach sa bpúcán an lá dár gcionn cé go mba í an soitheach ab fhearr dhó í. Amach ina bháidín iomartha a chuaigh sé cúpla lá ina dhiaidh sin agus é feistithe suas i gcomhar na ngliomach. Bhí faoi slám potaí a thógáil. Ní ró-fhada a bhí sé amuigh nuair a chonaic sé na néalta troma sna spéartha uachtaracha. An tuilleadh báistí a bhí air, nó tóirneach, nó gála? Nach raibh an mhaidin chomh hálainn sin agus gan smeámh as aer.

Ní cheapfadh aon duine go n-iompódh an lá amach mar seo. Ach is aisteach í an aimsir agus an fharraige chomh maith céanna. Ag tógáil pota gliomach a bhí sé nuair a chuaigh an pota i bhfostú i gceann de na sreanganna agus na rópaí air. Chinn ar é a thógáil. Faoi dheireadh chuaigh an pota go tóin poill air agus is beag díreach glan nach ndeachaigh sé fhéin

síos i ndiaidh a mhullaigh freisin. Dhá dtarlódh sé dhó meastú an raibh sé in-ann snámh.?

Ach cén seans a bheadh aige dhá dteádh sé síos i ndiaidh a mhullaigh. Nach mbáfaí é. Is cinnte go mbáfaí. Shéid gála gaoithe ar an nóiméad. Saghas cuaifeach fíorláidir a d'fhanfadh scaitheamh maith, agus d'fhan. Chuir sí scanradh ar mo dhuine. Cén fáth nach gcuirfeadh. Thosaigh sé ag iomradh ar a dhícheall. Ag tornáil go tréan a bhí sé in áit a bheith ag leanacht an róid díreach. Ag dul isteach in aice leis an gcladach dhó ní fhaca sé an charraig a bhí taobh thiar de agus bhuail sé í. Briseadh an bád agus líonadh le huisce í.

Ceird an Fhile

le Pádraig Seoige

Sníomhaíonn sé focal

Fíonn is fúann iad.

Smaointe i bhfoirm focal

Scríobhann sé síos iad.

Anois tá dán aige,

Cuireann os comhar an

phobail é.

I leabhar nó in iris,

Léann cách é

Dán deas ach ní leis an bhfile an dán

Le gach aon duine é

Bhí cúpla ceann de na cláir os cionn uisce. Ba bheag glan nach báthadh é ach gur éirigh leis snámh isteach chomh fada le ceann tíre. Bhí sé cloíte anois agus é amach as anáil. Nár bh olc an mhaise dó é. Olc go deimhin. D'éirigh leis díriú ar an teach agus an doras a oscailt agus luí ar an leaba. Ba gearr go dtáinig sé chuige fhéin agus réitigh sé blogam tae dó fhéin. Beidh cuimhne go héag aige ar an eachtra sin agus ó shin i leith ní raibh sé dúshlánach.

Tá an port céanna ar a bhéal fós. "Ní raibh blas ar bith dár cheannaíodar nár tháinig go ' an Trá Bháin

Tháinig na maidí ar an duirling is an curach ar an trá"

Geamaireacht Oisín



Linda Bhreathnach agus Brian Ó Mainnín i radharc ón ngeamaireacht Oisín a léiríodh i Márta seo caite agus a thug camchuart ar fud Chonamara, Árainn agus Baile Átha Cliath.

Sruth-Ola Teo

Cladhach
An Ceathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Fón: 091 572324

Do chomhlacht ola áitiúil

Comharchhumann Chonamara Thiar Teo CCCTT (Co-op) Teo.

Comhar chumann Forbartha Pobal faoi acht um forbairt sa Ghaeltacht 1979.

Bainistíocht agus Riaracháin ar Maoin agus Tionscadal Pobal i gConamara Thiar theas.

Gach Rath ar

Féile an PLÉARACA 2004

Ó Scairsheabhoirí CCCTT (Co-op) Teo
Fón 095-33436/13 fx. E-Post cbccctt@eircom.net

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017

Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

1896-Tigh Mhaidhcó-2003

Rosmuc

091-574-121

Siopa agus Teach Ósta
Siopa Bia le Peitreal-Flogas-
Videos&rl.

Teach Ósta le neart caint craic ceol
damhsa agus ól. Gach rath ar
Feilé an PLÉARACA 2004

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169
Faics: 091595154

Féile Phléaráca Chonamara 2004

Le gach dea ghuí

ó

Mhuintir Mhúrchú - Boston

Tigh pheadair mhóir

damrach bán, bán na habhann

beár

Go n-éirí go geal leis an bpléaráca



Áras Mháirtín Uí Chadhain

- **Cúrsaí Gaeilge:** Daoine fásta, Mic Léinn Triú Leibhéal, Eachtrannaigh, Cúrsaí Deireadh Seachtaine, Sainchúrsaí do Chomhlachtaí
- **Dioplóma sa Gaeilge**
- **Diploma i Scileanna Raidió**
- **Ranganna Oíche Gaeilge do Daoine fásta**
- **Ranganna Oíche Riomhaireachta trí gaeilge / ECDL**
- **Seirbhís Rúnaíochta trí gaeilge don phobal**

Bróisiúr agus gach eolas: Áras Mháirtín Uí Chadhain'

An Ceathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091 / 595101 Facs: 091 / 595041

ríomhphost: caitriona.uichualain@oegaillimh.ie



ÁRAS ÉANNA

Ionad Ealaíon, Inis Oírr, Árann

An t-ionad ealaíon is faide siar sa Eorap, tá amharclann le spás do 70, gailearaí, seomraí ranga, seomraí ceardaíocht, bialann, naonra agus árasán / stiúideo do ealaíontóir conaithe. Tá Áras Éanna feiliúnach le h-aghaidh aon cómhfháil, cruinniú nó cúrsa le chuile áis le fáil.

- Coirmcheoil
- Damhsa
- Taispeántais
- Drámaí
- Scannáin
- Campaí Samhradh

Fón 099 75150

Faics 099 75152

araseanna@eircom.net



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 593307 Facs: (091) 593362
cic@iol.ie www.cic.ie

Le Foilsiú san Fhómhar

AN MILEOIDEAN SCAOILTE Johnny Connolly 18

Tá Rí an Mhileoidin ar ais ar a sheanléim arís le halbam nua de cheol binn blasta ar an mbosca, le tionlacan ó Charlie Lennon.



EAGLAIS NA GCATACÓMAÍ Pádraig Standún 15

Cuimhní cinn Phádraig Standún ar na trí bliana déag is fiche atá caite aige mar shagart i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Mhaigh Eo.



CUIR FIOS AR CHATALÓG

Siopa Dowd, Statoil

Carna Conamara
09532882

siopa grósaera, Breosla,
Gás, Gual,
Measín ATM
Caifé

Ealaín le Aoife agus Máirín Uí
Dhubhda
Cartaí Mháirín

**Go n-éirí go geal
le Féile Phléaráca**

OIREACHTAS NA GAELIGE

FÉILE SHAMHNA 2004

LEITIR CEANAINN

26 - 31 DEIREADH FÓMHAIR

COMÓRTAIS ARDÁIN

do dhaoine óga & do dhaoine fásta

AMHRÁNAÍOCHT AR AN SEAN-NÓS

DAMHSA AR AN SEAN-NÓS

AMHRÁIN NUA-CHUMTHA

LÚIBÍNÍ

AGALLAMH BEIRTE

DREAS CAINTE

SCÉALAÍOCHT

SCORAÍOCHT

CÍR AGUS

GACH EOLAS

Oifig an Oireachtais, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: +353 1 475 87 67
eolas@antoireachtas.ie
www.antoireachtas.ie

Lig SINNÍ gCathú

le BREANDÁN Ó hÉITHIR

An Taibhdhearc, An tSráid Láir, Gaillimh
Luan 27 M. Fómhair - Deard. 7 D. Fómhair 2004
Ticéid €15 / €12 Eolas & Airithintí 091 563600

ESB Dublin Fringe Festival 2004
Axis Arts Centre, Baile Mhuna, BÁC
Satharn 9 & Domhnach 10 D. Fómhair 2004
Ticéid €12 / €10 Eolas & Airithintí 01 8832100 &
1850 374643 nó www.fringefest.com

Cumas

Ionad Fiontair,
Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.
091/574353
cumas@eircom.net
www.cumas.ie

Tá Cumas ar cheann de 38 Páirtíochtí sa tír atá ag cur i bhfeidhm an Chláir Fhorbartha Áitiúil d'Áireamh Shóisialta le airgeadú ón Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Tá cuid mhaith Cláracha, le cabhair airgid & foirne, á reachtáil againn, a thugann tacaíocht do Phobail Chonamara & Árann tabhairt faoi an mífhuntaiste & easpa deiseanna dul chun cinn. Bíonn fáilte i gconaí roimh teagmháil.

Oifig: 091/574122, cumas@eircom.net
Seirbhís EolaisSaoránach: An Chrannóg, Ros Muc, 091/574122.

Oifig Oideachais Chumais: Casla, 091/506943.



Taisteal na Cruinne

Aonad 4
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Fón: 09-1-553149/504997 Facs: 091-553289



www.tnc.ie

coleman@tnacwslmail.com



Tigh Ruairí Ó Conghaile

Inis Oírr, Oileáin Árann

**Teach Ósta
Siopa
Lóistín B&B**

Fón: 099-75002 - 75074



mfg teo



**Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe
Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe**

Gach Eolas Ó:

Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach,
Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta
Páirc Ghnó Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593410

Facs: (091) 593728.

Ríomhphost: mfggaillimh@eircom.net

Níoclás P. Ó Conchubhair Teo

Leitir Mór

Teil: 091 551114; Facs: 091551258

**SIOPA
CRUA-EARRAÍ**

**PLUIMÉIREACHT • ADHMAD
EARRAÍ LEICTREACH • PÉINT**

E-PMOST NICHOLASOC@EIRCOM.NET

Íomhá nua don Cheardlann

Ar thug sibh faoi deara go bhfuil íomhá nua ag an gCeardlann? Le tamall anuas tá na ceardaithe, Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Ceardaíochta na hÉireann ag obair as lámh a chéile le híomhá nua a chruthú.

"Ceardlann, Stiúideonna Ceardaíochta agus Dearadh An Spidéil" an tainm nua atá baiste ar an láthair. Tá logo nua ann chomh maith a chuireann go mór leis an áit.

Daoine atá ag taisteal thar bráid feicfidh siad fógraí móra i ndathanna gorm agus oráiste le focail spreagúla a bhaineann le na ceird atá ar siúl ins an ionad. Tá na fógraí seo dhá-theangach agus is iontach an aird atá siad ag tarraingt don Ghaeilge, fógraí ar nós "Cas / Turn", "Caith / Wear", "Las / Light",

Clóigh/Print"

Tá suíomh nua idirlíon ar oscailt anois ag:

www.ceardlann.com

Tá sé i gceist neart forbartha eile a dhéanamh sa gcéad cúpla bliain eile.

Idir an dá linn tá na ceardaithe fós i mbun a gcuid oibre ag táirgeadh cuid den cheardaíocht is fearr sa tír. Tá réimse mór déantúsaíochta ar an láthair: obair leathair, coinnle, ealaíon criadóireachta, seodóireacht, uirlisí ceoil, fíodóireacht, potadóireacht, deileadóireacht agus siopa Gaelach.

Ceapann go leor daoine gur ionad turasóireachta í an Cheardlann, ach ar ndóigh tá rudaí suimiúla ann do chuile dhuine agus cuirtear fáilte faoi leith roimh muintir na háite.



Sladmhargadh 2004

Tá sé i gceist i mbliana go mbeidh sladmhargadh mór ar siúl sa gCeardlann ag deiradh mí Dheireadh Fómhair. Mar sin bí ag breathnú amach do na fógraí go háitiúil. Beidh margaí maithe ar fáil agus b'fhéidir go

bhféadfaí tús a chur le do shiopadóireacht Nollag.

Bíonn Bistro Jackie ar oscailt i gcaitheamh na bliana, áit a mbíonn togha na beatha i gcónaí ar fáil.

Beidh coirmceoil bheag ar siúl sa gCeardlann le linn Pléaráca leis an Contempo String Quartet (Aoine 8ú Deireadh Fómhair, 4.00in)

Stiúideonna
Ceardaíochta agus Dearadh
An Spidéil



buail isteach breathnaigh triáil
cas seinn léigh caith bí linn
labhair ith ceannaigh

CLADDAGH

Uirlisí ceoil den scoth

Feadóga - Boscaí ceoil - Bodhráin
Veidhlíní - Feadóga móra - Píobáí



Uirlisí Ceoil an Chladaigh
Ceardlann, An Spidéal, Conamara.

Buail isteach nó glaoigh ar Paul
Fón:091-504799 Faics:091-504799

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón

095 33404/33417

Facs

095 33494

e-phost: info@arramara.ie

www.aramara.ie



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Cartai Bainise



AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN

Díolachán Mór Bliantúil tosnú 13ú Samhain 2004



STANDÚN

"Siopa de'n Scoth"

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón 091-553108

Gach rath ar an bhfeile
- ó Mhuintir Standún

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe Éadathóireacht



Gach rath ar obair Phléaráca don bhlian

Bank of Ireland

POST

CALOR GAS

National LOTTERY

bain leas

Cibé riachtanas taisce nó infheistíocha atá agat, tá rémise leathan de roghain ag Banc na hÉireann duit.

Le tuilleadh eolais a fháil, buail isteach chuig **Banc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**, fón: (091) 524555.

Nó, dean teagmháil le Bank of Ireland 365 ag 1890 365 365 nó tug cuairt ar www.bankofireland.ie

as do chuid arigid

Banc na hÉireann



Neylon McGinty 58 Sráid Doiminic Íochtar Gaillimh

Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe
Comhairle Airgeadais
Pleanáil Cháin
Iarratas ar Dheontas Stáit agus Iasachtaí
Bhainc
Bunú agus Rúnaíocht Chomhlachtaí

Déan teagmháil ar do thoil le Joe Neylon nó Cyril McGinty

Teil: 091-563139
Faics: 091-566283
Ríomhphoist: info@neylonmcginty.ie

Le gach dea ghui don Phléaráca

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fotheidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan An Cheathrú Rua
Baile Phib Co. na Gaillimhe
Baile Átha Cliath 7

Teil: 01-830 4529 Teil: 091-595359
Faics: 01 830 6611 Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí

Comhairleoirí i n-innealltóireacht thionsclaíochta. (*Industrial Engineering*)

- Feabhsú gnó & próiseais (business & process improvement)
- Iniúcháireacht Caighdeáin & Innealtóireachta (Quality & Engineering Audits)
- Bog-earra ríomhaireachta (computer software)



Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Conamara.
www.toh.ie
info@toh.ie

Os cionn 10 mbliana i mbun oibre!

Orchard View,
Longwood, Co. na Mí
Fón: 046-9555885
Facs: 046-9555886

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhuach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san Iarthar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le héadaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistíú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcáíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuillleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 094-9546483/9546416 Uimhir facs: 094-9546705





pobal



forbairt



teanga

cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>